echdrann. Roslipthá a claidib 7 imorchoraigit a scéith ría 595 Roerlaimigit timthaige 7 erredai 7 étaige na ndvl for conair. nAthnénsta. R[o]bói, trá, óengáir arfut na Gréce uile fóbíth roraindset íat fadéin. Drem díb a cailtib ic búain na fidhad coná cluined nech guth a cheile díb la himed na sácr 7 lochta ind fognuma ic tescad 7 ic timdibe 7 ic snaide na crand. Drem 600 aile dib i cerdchaib ic dénvm arm 7 farnaig .i. ic dénvm chlaideb 7 léirech 7 sciath, ic slibad 7 ic slaide a n-arm. rabi, tra, isin Gréic ule nech cen monar fon innassin. Robdar lána do dunadaib 7 do longphortaib óthá in corthar airtherach Rétiae anairdes [141^a] co iarthar tire Traciae for Erphoint sairthúaidh. Robátar ann na hAsth]nensta i ndénad. Robátar Pilipénsta 7 Mecenda 7 Lacdemónda i n-óinbale. Robatar Argai 7 Danai 1 [7] Pilasci. Robatar and áes Tráciae 7 Arcadiae 7 Tesáliae 7 Achaiae 7 Boetiae. Robátar in Macedondai 7 in Mirmedondai 7 ind Íondai. Robatar ann na Galátacdai 7 na Tels-610 ciatai 7 ind Eoldai. Nírbó ní, thrá, in tinólsa na Gréci corici in tóchastal² robói i n-innsib mary Torrén. Ni mór forácaib commet intibsidé óthá tonna in mara Áratacdai cosna gáethlaighib Meotacdaib. IT íat so na hindse ir-rabe an tochas[t]alsin .i. hi Creit 7 hi Ci[pi]r 7 hi Roith 7 hi Pil 7 in Sala-615 mia 7 isna hindsibh díanid ainm Acspartide 7 innsi Celiberniae 7 inis Ambrache. Robói dano tinól mór hi Corcira 7 Ithaic 7 Egelai 7 in Cutheria 7 in Calamia 7 in Carpado 7 i Treit 7 in Íuén 7 is-Sodaim 7 in Calamis 7 in Égina 7 in Patreida 7 i n-innsib Celidónis 7 i n-innsib Babidi 7 in Maccorés 7 in 620 Abarthia 7 in Sciro 7 in Peperetho 7 hi Lenno 7 in Tháeso 7 in Imbro 7 in Sciro 7 i n-arailib innsib olchenai dochél cly 7 erdarcus. Ocus is ed innister and co tancatar sluaig 7 sochaide cid isna tírib comfochraibe filet a comaithces na nGréc an[d]es 7 atúaidh 7 iniar. Dodechatar ann ámna³ huathmara na n-Éu- ⁶²⁵ truscecda4 failet a tuaiscert na hEtále, asa gaisged dorósce do clannaib domain. O dechadur [141b] dano lucht Dalmatiae 7 Dar-

¹ Ms. Danaid. ² Ms. tóschasal. ³ Ms. ámh na. ⁴ Ms. nahéutrustecda.

daniae 7 Istriae 7 Panuníae 7 Retiae, dochodar and in lucht rocalma failet isin chorthair tuascertaich in domain fri sruth 630 n-Istir atuaid .i. anreth Dacia [7] Alania. Dodechatar and dano Dromantauri filet ic inberaib na Meótacda. Dodechatar and marc . . . saería na nAgarda. Dodechatar ann dano Melachli seichtori sáera na slúag sin. Dodechatar and béos Ypomelchi 7 Ypódés 7 Groni 7 Neurai 7 Agatharei, 7c.

Dares c. 12.1 Robói, trá, tinól morsluáigh do phurt na n-Atha-635 nénsta. Mór mbuiden 7 cuitechta tancatar and. Mór do rígaib 7 do tóisechaib 7 do thigernaib 7 do trénferaib 7 do láthaib gaile na Gréce dodechadur and. Mor di airbrib 7 cétaib 7 mílib tancatar ann. Is cuit péne na herracht andsin inn Eoraip 640 uile cona slúagaib, cona rigaibh, cona tuathaib, cona chenélaib. Mad nech atchised muir Toirrén, cruth robrecad do longaib 7 lestraib 7 libarnaib, robad áebind a décsin. Ba lór d'erfidibh in talman don lycht robátar for telchaib 7 trachtaib na nAthanenste forchomét na coblach 7 na slóg 7 na mbuidaen do muir 645 7 do thír .i. aicsin cech ríghdomna 7 cech ríg 7 cach tóisig, inna toichim ríghda, aicsin cech miledh 7 cech trénfir fó armaib. ocus ic déchain in leith on [142a] muir na rámha icond imrum 7 séol n-ildathach cecha tíre, fóbíth rotinolad an-robai di longaib 7 lestraib i n-airiur na hÉorpa uile 7 in n-innsib mara 650 Toirren. Co ndernta sretha dib la hor trága na n-Athanensta d'immarchyr morslúaigh na hEórpa ule dochym na Trói.

IS hé so immurro lín long dochtaidh cech toisech do Grécaib 'sin cobluchsa.

Cét long ba si fairend Agmemnóin mic Átir, a tírib na 655 Mecenda.

Menelaus mac Atir, a Sparta .lx. long.

Archilaus 7 Pertinonor, dá ríg Boetiæ .1. long.

Ascalapius 7 Alimenus, ex Arcomero .xxx. long.

Epistropus 7 Scedius, ex Proscidía .xl. long.

660 Aiax mac Telamoin 7 Isionae ingine Lamedóin co seisivr tóisech .i. Teocrus a brathair 7 Bublatio 7 Amphimacus 7 Doríus 7 Teséus 7 Pulixenus, cóica long a lín.

Nestoir a Píl .lxxx. long.

Toas o Etholiam .xl. long. Aiax mac Olei, a Locris .xxx. long. 665 Venerius ex Inania .xl. long. Antipus 7 Pilipus 7 Toas ex Celidóne. .xxxvi. long Ulix ex Odisia no Ithaca. .xii. long. Protesalaus 7 Protarcus, ex Pileo .xl. 670 Emileus, ex Pilis .x. long. Podamas 7 Machón, da mac Escolapi, ex Eutrus ... xxxix.

Achil 7 Patrocvil, dá ríg na Mirmedonda, ex Pathia. cóica long.

[142b] Telepolemus ex Róda .ix. longa. Polipites 7 Leontheus ex Larisa .xl. long. 675 Diomides 7 Euryalus 7 Stenelus ex Arpi .xl. long. Piloctines ex Me[li]boia .uii. longa. Goreus ex Cipro .xxi. long. Prothous¹ ex Manesia. .xl. long. 680 Agapénor ex Arcadia .xl. long. Mnesteus ex Athenis .cóica long. Lín, trá, do ardrígaib dorímther sund do Grecaib nói ríg

cethrachat uile.

Dares c. 15.] IARsindí, trá, tancatar uile do phurt na n-Athanensta, rotochuirit a uile tóisig co hAgmemnón diá chomairle 685 cinnas dogéntais. O thancatar iarvm na tóisig i n-ainbale atrubairt Agmemnon frív co ndechsaitís drem uadib do insaigid Apaill, dia íarfaigid cinnas nóbíad in slúagad, in bad soraid no in bad indola eitir. Romol cách in comairle sin 7 dochýaidh Achil 7 Patrócuil frisanísin. O ráncatar íarvm coruici Delfus, 690 tempul Apaill, roiarfaigset scela dond arracht. Rofregair Apaill doib co mbad chóir techt in tslúagaidh, ar doristís co cathbýadach dia taigh cind .x. mbliadan íar ndvla for in Trói. Roedbair Achil edbarta móra do Apaill isin dén sin. INtan. tra, robói Achil ic dénym na n-edbart isin tempyl, is ann tánic 695 Calchas mac Gestoris co ndánaib 7 edbartaib ó Troiánaib do Tánic side isin tempvl 7 iarfaigis scéla na Troianna Apaill.

¹ Ms. protesalaus.

[143*] coléir, cindas nóbíad for cind dóib don chathugud 7 don chomthócbáil bái dóib fri Grécaib. Rofrecair Apaill co cuirfide 700 darcend in Trói cind .x. mbliadan. O'tchéala Calchas anísin tanic co hAchíl 7 doróni a centaidh 7 a charatradh fris, 7 dodeochatar col-longphort na nGrec. Roinnesetar a scéla 7 a n-imthechta. O roscachitar¹, trá, na huile sea atbert Calcas fría muintir a longa do chor for muir 7 for fairge. Dorónsat na 705 slúaigh airisivm anísin. Tuctha rempu Ascaláip 7 Menelaus comtís éclaig dóib cechndírech aramus na Trói, ar robátar i longai Íasoin prius.

IS ed dochótar arthúus díaraile insi robói fó mámus Priaim.

Toglait in n-insi sin. IARsin, trá, tancatar co hinis Tenédos,

710 dv i mbítís seóit 7 máini, ór 7 argat Príaim 7 na Troianda.

Doberat na Gréic a fuaratar and do dáinib fó gin gai 7 claidib.

Tinolait 'na fúaratar do sétaib 7 máinib. IArsin, trá, tancatar rig na nGréc i n-óenbaile co hAgmemnón do chomairle cid dogentaís.

715 [Dares c. 16.] IS hí comairle dorónsat: techtaire do dvl uadib fri haithesc co Priaim do chuinchid Helene 7 na braite ronuc Alaxander a hinis Cetherea. Tancatar na techta i. Diomíd 7 Ulix, co Priaim 7 atfiadat a n-aithesc dó doléir.

Céin, tra, robás im na fíbsa, rofoided Achíl 7 Téleip
720 (.i. filius Ercolis) [143b] do indriud Moesiae. Teophras is he
bá rí intiside. O'thancatar co Moesiae argait an tír, teclaimmit
brait 7 cethra an tíre co hóenbale. Tárthetar slúaig 7 sochaide
in tíre forru im Theophras, 'má ríg. Rofuacair Teophrais comland áinfir forru. Tan atchvala Achil anísin rochuir etach
725 imtecht de 7 rogab a chatherriud catha 7 comlaind imbi.
Rogab éim a lúirig d'iúrn athle[g]tha imbi 7 a cathbarr círach
cummaide fora chiund. Tanic íarsin fó slúag na Moesiánda
amal leoman londcrechtaig íarna thocrád fo chvilenaib, no amal
tarb ndasachtach día tabar drochbéim. Dorat erchor do
730 manáis móir lethanglais for Theophras, co ruc arrinni triit ón
táib díaraile, co ros-anaic Telepus mac Ercoil, co tabairt scéith

¹ Ms. roscathitar. ² Ms. ndasachacht.

ara scáth intan rofuabair in cathmilidh a dilgend doráith. Fobíth dorat oegedecht aidchi do Thélip 7 día athair .i. do Hercoil reime, conid airi rosn-anaic. INtan, tra, rogab Teupras céil for écaib rotimna a flaithemnus Telepo, fóbíth is hé Hercoil 735 dorat ríghe dosum, 7 romarb Diomid (sic), 7 dorat a forba do Theufras; con[id] airisin dorat Teufras a ríghe do Thelip. Roordnig íarum Achíl Telip hi ríge co tardad cís cruthnechta do Grécaib [144*] dia fulang i céin nobetís for in togail. Rocomailled dano amlaidsin. Roan dino Télip hi Moesia 7 dochóid 740 co mbrait 7 co crud mór cosna Grécaib do insi Tenedos. Adfét a scela 7 imtechta o thvs co forcend do Agmemnón. Buidech síde dano.

[Dares c. 17.] IMthusa immurro na techtaire .i. Diomid 7 Ulix, roinnisetar do Priaim a n-athesca .i. a cor o Grégaib 745 d'iarraid Helene 7 na braite archaena, do denvm sith 7 charatraid etarru co ndecsaitís Gréic for cúlu dia taig. Ni mór, tra, co n-ánic Príaim a frecra na mbriatharsa, acht namá atbert dar menmain "IN tabaerthi dobur n-óidh", ar sé, "a ndorónad frímsa i. m'athair do marbad, mo chathair do loscvd, mo sívr do 750 breith i ndóiri." "Ni dingénsa", ar Príam, "síth frív. Ní bérat mnái no brait." Rofúacair dona techtaib dvla as'tír. "Ni [f]etamar ámh", ol na techta, "in cóir in comáirle dogníi. Bid doilig d'óentúaid bic isin domun imguin 7 imbéalad fri lucht na Gréce uile cona sochraide." "Bid móte," ar Priaim, "a blad 7 a air- 755 dercus dund uathiud dogéna cocad sainemhail frisin morsochraide ísin." "Bid olc dit an cocadsa," ol na techta: "dofáithais féin and, 7 dofaethsat do mic 7 do charait." "Ní mór fórmsa fein iarum anisin", ar Hechtair. "Bid terchail anma, 7 bid fotha mo chlua darmése. Mairfet sluagy 7 sochaide. Betit [144b] 760 cind 7 chosa 7 cholla 7 méde 7 medoin íarná tescad 7 íarná timdibe do deis mo chloideb. Bid lán an Gréc ule do duby 7 do thoirsi, ar dofáethsat mic ar-ríg 7 a tóisech 7 a n-octhigern dim' gnímsea." "Cinnas dogénasa sin?" ol na techt[a]: ar betit láich do samla 7 do chomdelba i cind airge frit. Ár 765

¹ Ms. mhathair,

790

bid imda and láech lásmbá laind tíachtain ardochindsa. Ní bá íarraid and laóch bas tvalaing th'ergaire 7 techt thorut."

"Ní bá hamlaid bías," ol Hechtoir, "biam congancnes ic comrac fri cech fer úadib. Ni chomhraicfet a n-airm frimsa 770 ar faebas na hersclaide¹."

Rothintáiset na techta íartain co hinis Tenedos do longport na nGréc. Roíarfaig Agmemnón scéla dona techtaib, c'indas
tíre cosa ndechatar 7 cía calmacht na láech, cía trese na múr,
cia daingne na cathrach. "Cía nobetís émh", ar íat, "secht
775 tengtha i cind cech áin acanne, ní fétfaimís aisnís cech neich
atchondcammar. Ar rucsat na Tróianda do dáinib domhain
uile ar cruth 7 deilb 7 deichelt. Mairg noda-maindéra, mairg
do neuch mairfit, mairg do neoch nos-mairfe 7 bas coscrach diib,
7 dos-béra frí lár!"

780 [Dares c. 18.] INtan, trá, atchuas in teclomadsa na hEorpa for slúagvd dochvm na Trói día hindred, dochvas úadib do chvinchid shocraite co a comaithibh 7 co hardrígv na hAsía móre, [145^a] 7 tancatar a ríghside 7 a tóisigh co slúagaib 7 sochaidib do chongnym fri Troiannu.

785 Dodechaid and íarum² Fundatus 7 Amfichastus, dá ríg Zeliae.

Dodechaid and dano Cárus 7 Amfimachus 7 Nestius co
sluagaib Colofontae.

Dodechaid and dano Sarpedón [7] Clausus co slvag Liciae.

Tancatar ann dano Epithogus 7 Papessus, dá ríg Laríssae.

Tancatar³ and Rémus á Chizonia.

Tancatar and Pirrus 7 Alcánus co n-ócaib Tracíae.

Dodechatar and dano Astánus 7 Antipus 7 Porcus co sluagaib móraib a Frigía.

Tánic Epistrofeus 7 Buetius a Uetino.

795 Tánic and Filomenes co sluag mór a Salaconía.

Dodechaid and dano Persis Memnón co slvagaib diarmidib asind Ethióib, cend áthchómhairc 7 tóisech na huile Asia.

Tánic and Esseus 7 Amfimachys co slúag Agrestiae.

Dodechaid and Epistropvs co mbvidnibh imdaib de Alizonia.

¹ Sic. Read ersclaige? ² Ms. iarh. ³ Read Tánic?

O thancatar na hulese, trá, doróegy Príaim oentóisech imgona forsna hvli slóghvsv, etir a medon 7 dian-echtoir .i. Echtoir.
Rosmacht cech fer indegaidh alaile .i. Diofóeb indegaidh Hectoir,
Alaxander 'nadegaidh sidhe. Troilus íarsin. Aeneas íarsin, Memnón fodeud. Roerféacrad immurro íarsin o Agmemuón for rígraid na nGréc tíachtain do chomairle imá n-aithesc tvesat na 805
techta leo ó Príaim. INtan bátar ocon chomhairle is and tánic
Nauplius Palamides (.i. filius Naupli) de Zona ex Corna, fairend
.xxx. long. [145b]. Ferthar failte mór¹ fris. Robói iarum oc
erchoitmiud² na tánic fochetóir do phurt³ na n-Athanensta
a[r]robói a tromgalar, 7 antan rooéthig fair thánic.

[Dares c. 19.] Dochéaid farsin isin comhairle 7 atbertatar Gréic bá hí in chomhairle chóir, gabháil ind oidchi imman Trói. Ní roléic dano Palamides anísin, acht a soillsi an lái co robristis for Troiándv, 7 saighe immon cathraig iarsin. Romol cách an comairle sin. Roordniset iarum hi forcivnd a comairle Agmem-815 nón do ardríg 7 do ardtóissivch dóib ule. Rofóidset dano techta 7 tóichléori úadib im-Moesiam 7 i n-araile tíre olchena.

Rofúacair Agmemnón forsna rigaib 7 for na míledaib 7 for in slog ule co cuirtís a longa 7 a mbarca for fairge do imram dochvm Trói. Ocus rogab ic nertad na cvrad 7 na láth ngaile 820 7 na clíathbernaide cét, co rofertáis gléo faobrach fvilech férgach firamnus fri láochv na hAsía áigthide.

Atraracht íarsin in slúag, 7 rotaitmigset refeda a long 7 forácsadar in n-innsi. Tancatar cechndírivch dochym na Trói.

IS beg, trá, ná rocrithnaig in talam o thvrgbáil co funed, 825 7 ná dechaidh muir Toirrén dara bruigib dermáraib lásin trénimram dorónsat fairenn in tríchat ar óen cétaib décc long 7 libharnn. Deitbir són dano rind n-imgona fer mbetha 7 forglu síl Ádhaim ule, ermór chathmíled fer ndomain in lycht robátar isin [146*] choblachsa: fóbíth is and robái in domon im-medon 830 a áese 7 a borrfaid, a utmaille 7 a dívmais, a chath 7 a chongal. IS ann robtar trese a fir 7 robtar calmai a milid isind amsir i

¹ Ms. móir. ² Ms. erchoitmedmiud. ³ Ms. phurt do. ⁴ Ms. dano dano.

ndechvs in slogadsa. IS airisin na rabí cutrumvs frisin laechraidsin úa thustin dúl arái ngaisc*id* 7 engnama, *acht* ná rabí 835 Ercoil and nammá, láech dorósci cách.

Dala immurro Príaim, rochuir techtaire do fordécsin 7 do tháidhbrivd na long 7 na slóg fadesin, ceped tan donístáis do muir Torrén do phurt na Trói, co mbetis catha erlama aracind do dítin na cathrach.

O rolá iarum in dercaid séil darsin fairgi atchondairc ní n-íngnad: robrecad in muir do longaib 7 libarnaib 7 lugbarcaib. Atchonnairc in fidbaid fírádhbail, úasna longaib 7 úas cennaib na curad, do séolcrandaib ardaib ergnaib in betha. Atconnairc brechtrad na seol n-illathach di dathaib écsamlaib étaigh cech stíre úas na séolcrandaib. Dochóid íarsin co fis scél do Príaim. Roíarfaig Priáim scéla do. IS ann dixit:

"Andar-lem ém amal rodercvs", ar sé, "domárfás tromchéo tiughaide 7 glasnél dub dorchaidhe forsind fairce, co roleth co níulu nime, cona acus nem huasa cind 7 coná hacvs ler fom 850 longaib, ar rolín dorchatu in cocái¹ ó nem co talmain.

"Domárfás íarsin fogur gácithe gére [146^b] gailbighe: indarlem noth[r]ascérad fidbada in betha, amal esnad mbrátha.

"Rochvala breisim thornige" móre: andar-lem ba hé in nem dorochair, no in muir rotráigh, no in talam roscáil i n-ilrannaib, 855 no amal nothut[it]ís frosa rétland for dreich an talman."

"Ali, ced eter sin?" ar Priaim.

"Ni anse", ar in techtaire. "In glasnél tiugaide atconnarc úasin ler, it hé anála na curad 7 na lath ngaile rolínsat dreich na fairge 7 a cobán fil etir nem 7 talmain, fobíthin frisrócail 860 in gal 7 fiuchiud na ferge faibraige i n-erbruinnib na lácch lánchalma, conid fair roimretar a feirg for imarbáig ind imrama co rolín in n-áer úasa.

"Fogur na gáithe gairge atchéala, is hí osnadach 7 bolofadach na trénfer sin la scís ind imrama 7 la himthnúth cos-865 nama tosaig.

"IS hí dano in toirrnech rochéala, détglés 7 imchomailt fiacla na míledh, 7 treschvr na rama, 7 briscinmnech na scylmaire,

¹ Sic. Read cócháin? ² Ms. thairnige thornige.

7 cutaim na ses, 7 breisim na fern sívil, fogvr na ngae 7 na claideb, 7 trostgal na sciath, grinniguth na saiget, golgaire na cathbarr 7 na lúirech, la mét ind imrama 7 na sesbemend nó- 870 bentáis na mílid forsna ráma icond imram. Atá do chomnairte na lámh imbrit na ráma, co fochroithet na bárca 7 na libarna cona-fairnib 7 a luchtlaigib, cona sesraib, cona cláraib, cona n-armaib.

olc sin, a dhuibh.

875

[147*.] "Cid aill atchonnarc?" of Príaim.

"Atchonnarc iarsin brechtrad ind étaig illathaig co n-áille cech datha roleth darsin fairgi ule: indar-let bá do phuplib ildathachaib robrecad ind fairge uile. Ní aca ernail dhatha isin domun ná rabi and, etir glas 7 gorm 7 dérg 7 huaine 7 880 chorcair, etir dub 7 fhind 7 odhor 7 buide, etir brec 7 dond 7 alad 7 rúad.

"Atchondarc íarsin coméirge in marv i n-aírde fo chosmailius slíab n-árd.

"Atchonnarc cach slíab andiaid araile. ISs ed airdmius lem 885 nolethfadh cech sliab 7 cech tonn dib darsna Troianda ule.

Roarthraigestair dam iarum braine na mbárc 7 na libarn 7 corra na long 7 cind na míled.

Roarthraigestair dam étaige 7 timthaige 7 brethnasa na ríg 7 na tóisech. Atchonnarc idna 7 fidbaid 7 slegdaire na 890 ngae 7 na croisech a brainib 7 a corraib na long.

"Atchonnarc drong 7 damdabach na caladsciath, cona timthugu do lannaib óir 7 argait inna timchell, íar n-oraib na long immacváirt. Nobenad lainrech na n-arm mo rosc uaim, 7 taithnemh ind óir 7 ind argait 7 imchvmtaigi na claideb 7 na calg 895 ndét 7 na nglass gai cona muincib 7 na sciath cona lannaib 7 coma n-imdénmaib di ór 7 do argat. A mbrechtrad, tra, ind étaig illathaig, it hé na sívil esredacha robatar hvasna longaib 7 uasna bárcaib.

IN t-anfod mór [147^b] tháinic isin fairge co mbátar na 900 tonna amal benda sléibe, it hé tondguir na seisbeimaend nó-

¹ Ms. frochroithet.

thinta a corraib 7 a brainib na mbárc 7 a bóssaib na ráma 7 a taóebaib 7 a srónaib na long. Bid tnýtha[ch] in tecmongsa. Biat imdái mairb. Biat imdai cuirp élnide fó chonaib 7 énaib 905 7 fiachaib do chechtar in dá leithe. Bid garb an comhracsa condricfad fir¹ Asía 7 Éorpa. Comraicfid anál ind Ethiopácdai frisin Tragecdai, co mbiat cend ar díb cendaib. Bid tnýthach ind imthýarcain dogénat na hailithir, in Persicda a haerthir in² betha 7 in Macedónda asa íarthar. Bá dirsan nád bói 910 miltengaid dognéth córai fri Grécy, co tintáis asin mhaigin hi táat."

Tánic in sluag colléice hi purt na Trói, céin robatarsom for na briathraibsea. Rolínsat in n-airer do longaib 7 libarnaib. Rogab chenai [Hechtoir] ind airer fríu co tánic Achíl, dia n-érbrad 915 is totum exercitum³ euertit. Fóitir in fer cetna do fordécsain 7 do chor síla taírsiv, 7 dochváidside 7 atchondaire rémend na mbuiden 7 na cath, cech cath 7 cech sléag immá ríg 7 immá tóisech, oc escomlód asa longaib.

Atchéaid iarvm do Priaim cruth 7 delb⁴ 7 écosc cach rig 920 7 cech tóisig, cech óclaig 7 cech míled do Grécaib.

Esbaid so ar in laebar.

[149*] . . . ic tafond Alaxander, co tárat Áenías scíath dara ési 7 corodíarsinsáer di lámaib Menelai. Dochvaid Alaxander dochvm na cathrach post. Nóx praelivm dirimit.

925 [Dares c. 21.] Dollotar trenfir Eórpa 7 na nGréc arnabárach arcind chatha na Troiannae. Huathmar, thra, indas na luinde 7 na barainde 7 ind nítha tvcsat léo isin chath, Achil 7 Díomid in-airiniuch catha na n-Gréc; Hechtoir immorro 7 Áeness in n-airinuch catha na Troiannae. IS ed immorro tucsat tóisig 930 na nGréc léo fordinge Hechtoir diafét[at]áis. Acher, trá, in gres roláset. Robúirset cotnúthach isin cathain damrad rochalma Asía 7 Éorpa. Dochótar ann na mílid rotréna darcend cumaing inn-agaid a námat. Grandi na hárdi robátar ann .i. laindrech na claideb 7 a n-áeblig oc túarcain na sciath, findnéll na cailce,

¹ Here LL. 403 recommences. ² Ms. an. ³ is totum exercitam in fugam vertit, Dares c. 19. ⁴ Ms. dealb.

comtvarcain na claideb 7 na ngai 7 na saiget frisna lúirechaib 935 7 frisna cathbarraib, brischruar dano 7 beimnech na mbocóti iarná trúast[r]ad dona claidbib 7 do[na] brathlecaib bodba 7 dona laighnib lethanglasaibh a lámaib na láech lanchalma. Robrecad in¹ t-áer úasa cind do dibraicthib na n-arm n-écsamail. Robatar, trá, táesca fola codíarmidi ic snigi a ballaib 7 a haltaib 940 7 a hágibh na láoch, co rolín etrigeda 7 cobána ind ármaige. Gand combach rofersat in² ceth[r]ar rigmíled .i. Achíl 7 Díomid, Hechtoir 7 Áeneas.³ [149b] Roslaidsetar na sléage etarre. Robái Achíl 7 Díomid oc fortbiu na⁴ Troianda a airinivch catha na nGréc. Robói immurro Hechtoir 7 Áeneas oc fortbiv na 945 nGréc a hairenivch chatha na Tróianda. Roimbretar íat for[s]na sleagaib co torchratar ilchéta do cechtar in dá ergal. Bá méte nobeth i scélaib 7 airisnibh co lá mbrátha a ndoróni Hechtoir nammá isin lathisea do mórgnímaib.

IS ádbal, trá, fri turim cid an-rotrascair do rigaib 7 do 950 thigernaib 7 do thrénferaib, cenmóthá a ndorochair día láim do drabarslúag 7 do dáiscardáinib is diármide side. Batir cróda, trá, a gluind, ic dvl cohadhuathmar tría thuru a námat co farcaib martlaige dona collaib arbélaib na nGréc. Doróni chró mbodba do chollaib a námat imbi immácváirt, cor'bó múr 955 rodaingen dó fri hvcht na nGréc. Robái Achil dano don leith aili oc slaide na slúag, ic marbad na mbviden, co torchratar sochaide móra do sáeraib na Troiannae lais. Romarbat dano Áeneas 7 Diomid ili rochalma do cechtar in dá leith.

IS andsin dorala Arcomenus, rígmilid side do Grécaib, alloss claidib fri Hechtoir, co torracht a luinde léomain co Hectoir, co tarat bylle [150^a] do chlaidib dó, co ndernai dá gabait de. Ó'tchonnairc immurro Palamón aní sin .i. Arcomenus do thuitim do gnìmaib Hectoir, doroich cobruthmar bághach indegaid Hectoir. Sóidh Hectoir fris 7 beirid rúathar n-adúathmar 965 adócum, co torchair Palamon leis isin magin sin. Dorúacht íartain Pistrópus do chomruc fri Hectoir, co torat erchor do manáis lethanglais for Hectoir, co rochvir Hectoir secha anísin. Rocertaig íarvm in gai chucaiseom, co tarla, na scíath, co nde-

¹ Ms. an. ² Ms. an. ³ Ms. Aenaes. ⁴ Ms. na na. ⁵ Ms. an.

970 chaid trít fein íar tregtad in scéith ó ichtur co vach[t]vr, co n-erbailt Pistropus desin fochetóir.

Dochvaid dano Scedíus arcind Hectoir do chvinchid a erdarcusa. Derb leis ropad lán in¹ domun día anmum día tochrad dó Hectoir do thuitim leis. Tánic immorro Hectoir cohvathmar 975 áigthidi araamus conos-fargaib cen anmain. Tánic Cliofinor do chomrac fris co ngáirside gairm nemnech [nduabais] fair. "Fer", ar sé, "théte ardochind innosse not-mairbfe 7 etarscarfaid t'anmain frit chorp. Bíat fáilid in dithrubhaig 7 ethate ind aéuir dit." "Frit fein impaifes sin ule", ar Hectoir, la tócbáil in² gai bái 980 ina laim, co tabairt forgaba for Cliophinor, co rabi 'na crois triit, co torchair dochvm thalman. Reithid Hectoir chucai co ruc a fodb 7 a chend leis. Don-ánic fáisin Dorcus. "Ní béra cen [150b] debaid", ar sé, "ind fadbsin. Ní ba hinund duit 7 na láich rofersat gléo frit cos'tráthsa. "Bád íarvm nomáide", 985 ar Echtoir. "Día fis tiagmait", ol se. Cotrecat íarum. Dorochair Dorcus annsin la Hechtoir íarná chrechtnugud coádbhal.

Rofúabair Polixenus íarum comruc fri Hectoir darési in lochta sin, co torchair la Hectoir. Tánic Idumeus fón cuma cétna: ni roscar Hectoir fri side co rós-marb.

990 Ochtur, trá, do rígaib rothrénaib do ghlangassraid na Gréci romarb Hectoir in láa sin ar galaib óinfer, cenmóthá an-romarb do míledaib calmaib asa hainm docheil clý 7 erdarcus. Días rigmíled roth[r]ascair Áeneas mac Anachís ar galaib óenfer isin lathi cétna .i. Amphimáchys 7 Nereus a n-anmann, cenmóthá 995 an-romarb do doescarslúag. Tri tóisigh immurro do Troiannaib romarb Achil in 8-n [e]urt gaile .i. Seufremus 7 Ypotemus 7 Astrivs. Ropo adúathmar, trá, a delb Achil in laasin. Cathbarr círach immá chend, día sceindís gái 7 chlaidib 7 chlochai. Lúirech threbraid trédéalach treinglommach, nos-dítned ó hó co 1000 hescait. Claideb mór míleta 'na laim, frisna gabtís lúirecha 7 cathbairr, ara géri 7 ara áthi 7 ara ailtnidecht. Cromscíath caladgér for a chliv, i tallfad torc trebliadan no lanamain i cosair. Bá lán [immorro] o or co hor de delbaib dracon ndodeilb [151a] 7 do delbaib bíast⁴ 7 bledmíl n-ingantach in betha, do ildelbaib

¹ Ms. an. ² Ms. an. ³ Ms. an. ⁴ Ms. piast.

torothor[th]aib in talman. Robói dano béos i n-indscribivnd in 1005 scéith delb nime 7 talman 7 iffirn, mara 7 aeóir 7 etheoír, gréne 7 ésca 7 na rend archena rethit i n-ethéor. Ní raba isin domon catherriud catha no comhraic no comlaind amal in n-erriudsa Achíl. Fóbíth is hé Ulcáin goba Iffirn doróni in n-armgaisced sin Aichíl, íar mbrith a airm féin do Phathrocail 1010 reime do chomhrac fri Echtoir, co ros-marb Hectoir ir-riucht Achíl, 7 co ros-fodbaig im étach Aichíl, conid íarsin doróni Ulcáin in n-arm nemnechsa do Achíl artí gona Hechtoir.

Bá cróda, thrá, in mesc[ad] dorat Achíl for na slúagaib. Mór ríg, mór rurech, mór rúanaid, mór tríath, mór tigerna, mór 1015 trénfer robátar íarná fortbiv isin berna miled ruc Achíl i cath na Troiannae. Romarb dano Díomid sochaide dona slúagaib la díis do rígmíledaib na Troiannae domarbad dó [.i. Nestius 7 Nestrisca.]

INtan immorro atchonnaire Agmemnón ríg na nGrée 7 1020 tóisigh imda día muintir do marbad 7 ár a slúaig do chor, roherfuácradh día muintir tiach[t]ain for cúla 7 scor na hergaile. Doníther ón dano. Lotar na Troiannai día cathraig² co mbúaid 7 choscor. IMthusa immorro Agmemnóin, rotóchuiret chui sidé rig 7 airigh na nGrée, 7 rogab ocá [151b] nertad co 1025 nábtís teremenmnaig cía dorochratar sochaide úadib; ar donicfaitís slóig 7 sochaide móra aran-ammus a Moysia isinlau íarnábárach.

[Dares c. 22.] ÍARnabárach immorro tic Agmennon co nGrécaib co mbátar for láthir na debtha, 7 rogab ic nertad na 1030 lách 7 na ríg co tístáis cona n-uilib³ míledaib 7 óclách[aib] dochym in chatha4 in laa sin.

Lotar na Troiannaí don leith aile. Ferthar cath fergach and di cech aird. Mór, trá, buáine in cathaigthi fri ré. lxxx. laa, cen tairisimh⁵, cen úarad, cen óithigvd, acht cách oc tvarcain 1035 a chéli díb. Dorochratar, thra, ilmíli do laéchraid Assiac 7 Éorpa isin chathugud sin. Cencobeth d'esbaid for in tslúag cechtarda acht an-romarbadh frisin ré sin, ba mór esbaid. Mad

¹ Ms. prathrocail. ² Ms. cathraid. ³ Ms. nuile. ⁴ Ms. an catha. ⁵ Ms. tairisemh.

a ndoróni Hechtair frisin ré sin do deggaiscivd bá lóor d'air-1040 scélaib do feraib in betha día festa colléir.

Amal atchonnaire immorro Agmemnón¹ ilmíli do thuitim día muintir cech lái, 7 o'tchonnairc in fordingi móir dorat Hectoir forru, 7 amal atchonnairc na maige lána dona collaib 7 dona hapaigib 7 dona cnámhaib, co nábo inimthechta in magh 1045 mór ótha múru na Trói corici scurv na nGréc, la himbed² na coland 7 lá slaimred na fola. Mád ind Assia bec immorro nir'bó inatrebtha ule óthá tairr mara Point atuáid corici Eifis fades, la drochthyth na fola 7 na coland ic lobad 7 la dethaig [152ª] na n-apaige 'cá loscvd isna híltentib, co rogaib ág 7 1050 accais 7 aingces in 8 tir uile de, co rocuired an ár do doinibh 7 cethraib 7 biastaib [7 énaib]. Amal atchonnairc íarvm Agmemnón na huile sea, rofóidi dá tóisech dia muinntir fri techtairecht4 co Troiannu .i. Ulíx 7 Díomid, do chuinchid ossaid teóra mbliadan. Tan, trá, dochúatar na techta isin chathraig rochomraicset 1055 fri hócy do Throiannaib. Roiarfaigsetside scéla dóib. Atbertatar na techta "fri aithesc ossaid",5 ar íat, "dodechamar co Priaim." Ó rancatar iarvm co rígpheláit Príaim, atfiadat a scéla .i. a tíachtain do chuinchid osaid ó Grécaib, fri cóiniud a coem 7 a carat 7 fri hádnacvl a marb, fri híc a n-othrach, fri daingnigud 1060 a long, fri tercomrac a slúag, fri lessugud na longphort. O rochéala Priaim iarum in6 athesc hisin rotóchuiret dia insaighid a slóigh 7 a sochaide, 7 roinnis dóib aní frisi-tancatar techta na nGréc .i. do chuinchid osaid téora mbliadan. Nírbó maith immorro la Hectoir in t-ossad do thabairt. Tamen7 dorat a 1065 himpide ríg na Tróianda, ar robo maith leosíde daingnigud na múr, ádhnacvl a carat.

Roleth, tra, clu 7 erdercus Hectoir mic Priaim sechnón⁸ na huile Assia 7 na hvile Éorpa. Ba cocur cecha deisse [152^b] etir primcathracha in⁹ domain. Óenchathmílidh co n-úath, con-1070 erud¹⁰, co luinde leoman, co crúas choradh, co mbuille¹¹ míled, co n-ainbthinche onchon, oc cathugud 7 oc comérge 7 oc comerse-

Ms. Agmennon.
 Ms. himbet.
 Ms. an.
 Ms. techtaireveht.
 Ms. ossaig.
 Ms. an.
 Ms. sethnón.
 Ms. sethnón.
 Ms. sethnón.
 Ms. sethnón.

laig[i], co n-uathiud a c[h]athrach fri láechv athlama ána íarthair in betha.

IS amlaid so immorro nóinnistea in scél sin.

Atá fer mór úathmar ic cathugud icon Trói: romarb trían 1075 na slóg a áenur, 7 roth[r]ascair na trénmíledv, 7 roling darna laechy, 7 rochroith na hergala: rochursach na curada, roding na rígy, roloisc na longa. Dorochratar al-laith ghaile 7 a clíathbernaide chét 7 a n-ársídhe urgaile 7 a n-onchoin échtacha oc cathygyd fris. Rolín na maige do chollaib arbélaib na Trói. 1080 Robói dano óengáir gvil 7 éighme for fut na Gréce tría ágh ind fir chétna, ar¹ dorochratar a mic 7 a n-ue 7 a ndaltae tré ág láma Hechtoir. Mád insi mara Toirrén is mór in gair gybai robái inntib. Robái gol cecha cléithe léo óthá trethan rinde Pilóir co Pucén 7 Bosfoir. Batir áildi na hingena macdacht[a] 1085 nobítís ic ámrán 7 ic dúchynd, nógebed do leith dóib dano imrádud anma Hectoir mále fría cáomaib 7 chairtib2 dorochratar día láim seom. IS sí a mét, trá, roraith clú 7 erdarcus Hectoir etir primranna in domain co ros-carsatar banchuiri 7 bandála 7 ócmná rebecha in domain [153a] ara herscélaib, co 1090 tocraitís asa tíribh do décsain 7 do tháidbrivd crotha Hectoir mani gabtáis na mórchoicthi díib. Mad immorro mic rig 7 ócthigern⁸ na Gréci dochótar corici Thrói óentoisc do décain Hectoir condringitis for foradhaib 7 for lesaib do décain Hectoir dar formny na fer. INtan nóbíth fo lántrela[m] gaiscid 1095 7 chongrami ní sřetatar na Gréic cidh dogéntáis ar vaman Hectoir. Ni fetatar cindas noregadáis ara marbad. Ni raibe do dóinib domain ceped febas a n-engnama 7 a n[d]ibricthe lucht conistais ermaisi Hectoir ar febas na hersclaige 7 na Nocor-[f]etsatar éim Gréic triasna .uii. mbliadna 1100 himdíten. techt airi (in marg. .i. ó asgaid iar.), ce dóróscaigset side do dáinib domhain, ar ecna 7 ar éolas, ar gáis 7 gaisced.

[Dares c. 23.] Táníc iarum cend in mithisi. Dolluid Hectoir 7 Troil ría sluagud na Troianna arcind na nGréc. Roferad gléo⁴ fercach feochair fáebrach leo isind ármaigh. Rofuabair 1105

¹ Ms. aro. ² Ms. chairdib. ² octigernada, L. ⁴ gleu, L.

Hectoir cath na nGréc co torchair leis Pilippus isin cétna ergail.

Dorat cummasc forru [uili] 7 marbais ilmíli diib. Dorochair leis dano Antipus, toisech síde ámra do Grecaib. Tánic dano Achíl a le[i]th na nGréc, 7 dorat athevma forsna Troiannu, co torchra1110 tar ilchéta díib lais. Romarb dano dá ánrad 7 dá ardfen[n]idh na Troiannae .i. Licónius 7 Eofronivs. Ni rabi, trá, cumsanad for in cathugud [153b] cech n-óen lái co cend .xxx. laithe. Robói, trá, lechtlaige 7 carnail mór¹ do chollaib dóine eter in cathraig 7 na scurv frisin résin.

1115 INtan íarum atchonnairc Príaim slógy díarmide do thuitim día muintir lásin fortallín tánic asin Gréic 7 asin Moysía, dochúas úad do íarraidh osaid [co cend] sé mís. Dorat dano Agmennon anísin a comairle maithe na nGréc.

Tánic aimser in chatha. Ferthar cuimleng cróda and disiv 1120 7 anall. Dorochratar iltóisigh rothréna di cechtar na dá slóg: rocrechtnaigthe sóchaide. Rob imda ilach im chend curad and. Ní roanadh and, tra, icon cathugud frí ré dá lá ndéc.

IARsin, trá, dochéas ó Agmemnón do chuinchid mithisi .xxx. laa. Dorat Priaim anísin a comairle na Froiannae 7 a 1125 comairle Hechtoir mic Priaim.

[Dares c. 24.] INtan dano thánic aimser in chatha and, dorala do Andromacha, do mnái Hectoir, aslinge déaigh déabais do ascain² imdála a fir. Robo hé in³ t-aslinge. Delb mór robói do Hectoir isin stuagdorus robo leis don chathraig, a delb 1180 som fadesin and dano, 7 delb a eich fói. Atchonnairc íarvm Andromach a cend do thvitim don deilbsin. Rochuir a socht aní Andromach íar n-éirge asa séan, adfét do Hectoir in n-aslinge, 7 rogab ocá thairmesc imbi thecht isin cath [in la-sin]. Ó'tchvala Hectoir anísin asbert nar'bó degcomairle, 7 rogab ic 1135 cursachad [154²] a mná cogér [7 isbert]: "ní thibersa etir mo gaisced no m'engnym", ar sé, "ar comairle mná".

Tan íarvm rogab Hectoir a catheirriud catha imbi 7 rofúabair techt dochvm na hergaile, is and [sin] dorat⁴ Andromacha a tríi fáidi éas áird, co ragaib gráin 7 ecla lycht na Trói [uile] di

¹ Ms. móir. ² dofaicsin, L ⁸ Ms. an. ⁴ Ms. dorowsat.

sein; 7 tánic rempi co Príaim, 7 roinnis dó side a haslinge, 7 1140 atbert fris ara n-astád Hectoir in lan sin cen dvl isin chath. IS annsin, trá, tucad a mac bec arbélaib in cathmíled conid ed rodn-ast. O rofastad iarvm Hectoir rofúabair Prixim for slúaghaib na cathrach co tistáis cogúr dochvm in catha. ther ón.

1145

IMthúsa immorro Agmemnoin 7 Achíl 7 Diómid 7 Áiaic Locreta: o'tchonncatar cen Hechtair do thíachtain isin chath dorónsat nephní dona slýagaib. Rodechrad impy ic slaide na slýagh, 7 ní thallsat a lámha diib coros-timairgsetar isin chathraig for a cyla 7 coros-iadsat forru.

1150

INtan trá atchvala in béist lánámhnas 7 in 2 tendál thaibsenach día rolas airthivr in betha .i. Hechtoir, séiselbe romóir na inGréc 7 in gabyd mór ir-rabatar na Tróiannai, berid báre mbruthmar mbéoda dochym na debtha, co torchratar sochaide do láechaib na nGréc leis. Dorochair ém leis Idumius isin cétna 1155 erga[i]l. Romarb dano Piclum láechmílid do Grécaib. Marbais Leuntivm béus don ruáthar cétnai. [154b] Rogon dano Stenelaum³ 'na slíasait. Rogab, thra, fón slúagh fón innas[s]in cor'imbir a búrach forru amal dam ndamgaire. Ní roan, trá, Hectoir diib fón innassin corbó lán do chollaib 7 do chennaib 1160 on beind díaraile don chath. IMthá samlaid connach lía punnand chorcai i fogomor déis mórmethle, no bomand ega fó chosaib grega rigraide i n-áth etir díb cocríchaib, andáit cind 7 chossa 7 cholla 7 medóin íarná timdíbe d'fáibvr a chlaidib do rinn⁴ gái 7 íarna tescad dona claidbínib 7 dona gáib roba- 1165 tar for innell asa lúrigh feisin 7 a lúirechaib a echraide.

INtan, trá, atchonnairc Achil rind n-imgona na Gréci uile do thuitim la Hectoir 7 in chummasc dorát Hectoir forsna slýagaib, imroráid 'ná ménmain cindas nofúaberad marbhad Hectoir, ár ní raibe ic Grécaib láech a dingbala acht Achíles a 1170 óenúr. Derb leis mani thóithsad Hectoir colvath ni thernábad nech vad dona nói rígaib cethrachat dodechatar Gréic in sluagadsa, 7 dobérad scandir for in slýagh archena conná ternáifed

¹ Ms. an. ² Ms. an. ³ Ms. Zenelaum. ⁴ Ms. roinn.

béo díb vad. Céin dano robái Achil icond imrádydsa is andsin 1175 dorat cathmílid calma do Grécaib (.i. Polibetes) sciath fri sciath do Hectoir. Nírbo fota rofulaing do Hectoir co torchair lais. Rochvir i socht na Grécy, a thrice romarbad in laech 'na fiadnaise. IS and sin rofuabretar na Gréic comairle mbrécaig n-intledaig íarnachýl, intan ná rofétsat ní dó araagaid [155] ar 1180 thairisem ngaiscid. Robí in chomairle: roláset a n-étaige dib 7 dorónsat dumai dib arambélaib, 7 rosuidiged Achíl co ngai 'na láim im-medon in 2 dymai. Rointamlaigset teched iarum. Roraith in cathmilid .i. Hectoir, innandaeghaid, 7 rogab ic airliuch 7 ic athchumai na míled 7 ic slaide ind áir, 7 rogab for fodbugud Idumíí 1185 farná marbad. Tic Achíl chuci fóisin. INtan atchonncatar in tslóigh anísin roláset óengáir estib, etir Grécv 7 Troiannu 7 lucht na cathrach armedón, acht ba co n-innithim écsamail. Rob í innithim na Troianna iarum, do fúacra na ceilge do Hectoir. Innithim immorro na nGréc gáir fói na clósed. IS andsin robidg Hectoir 1190 7 rothintái fri hAchíl, 7 dorat forgab do gai fair co tarla 'na slíasait, 7 rothindscan techt i n-ucht a muintere feisin. Rolen de in caur héathmar as tresam robói i n-iarthyr in betha .i. Achíl, o roling gal 7 bruth 7 ferg indálta ind, co tarat bville do gái mór robái 'na láim 'na druim co robris chuáim4 1195 a dromma, ríasív thísad i n-vcht a muintere. Donarthetar slúaigh na nGréc, co roíadsat imbi. Rofóid, thra, Hectoir a spirut fon innassin. Rochuirset Gréic gáir choscair 7 commaidme fo chend Hectoir primhgaiscedaig in talman.

O roforb, thrá, Achíl in ngnímsa, roding na Troiandu remi 1200 dochvm a chathrach [155^b] 7 focheird a n-ár corici na doirse. Áráide dorat Memnón dvb déchomrac dhó, 7 tarrasair fri[s], cíarbó chomlond dolig, conid hi ind adhaigh⁵ roetarscar a comlond. Tintáid Achíl, íar forba in lái, fuilech, créchtach, crólinnech,⁶ día scoraib iar mbvaid 7 choscor.

1205 TRóg, trá, in golmairc 7 in núalguba robái isin Trói ind n-aidchisin. Robái mór mbróin 7 dubai 7 toirse 7 lamchomart

¹ Ms. an. ² Ms. an. ³ Ms. airlech. ⁴ Ms. chnami. ⁵ Ms. agaidh. ⁶ Ms. crechtacht crólinnecht.

inti, fóbíth testa úadib a ndegthóisech engnama 7 a cný cridhi 7 dos a ndíten 7 a cliathchomlaí chatha 7 a scíath imdhegla 7 a saph cocrichi fria naimte. Ba cathir cen immi a cathair día éis. Ba costvd im ríg costvd imbi. Ba coméirghe im chó- 1210 raid coméirge imbi. Doróscaigi do láechradaib domain uile ar ánivs 7 ar athlaimi, ar gáis 7 ar gaisced, ar ordan 7 ar imbad. Ba éolach in-cech eladain. Doróscaigi do láthaib gaile in betha oc imbert gai 7 chlaidib. Roderscaig dano d'feraib in talman ic brissivd catha 7 chomlaind. Doróisci dano ar áni 7 ar ath- 1215 laimi, ar lúas 7 leimnige, di ócaib in talman. Roaccainset cid sochaide móra dona Grécaib ara airscélaib. Roaccainset immorro comór na maccoemi 7 in t-aes ócc óetedhach thancatar a críchaib comaithchib día déc[h]ain.

Mor immorro ind[f]áelte robái i ndúnadh na nGréc in 1220 n-aithchisin, cona tvilset in Gréic [156*] in n-áidchisin a slan-chotlud*. Rochuirset a n-imecla dhíb. Rodhíghailsetar a n-osnada. Roláset a scís díib iar t[r]ascrad in mórmíled rothairbir a n-ánrady, ro[f]ording a láechu.³

[Dares c. 25.] Céin, trá, robói Memnón arnabárach oc tinól 1225 in chatha do Grécaib, rofóid Aigmemnón techt[a] co Príaim do chuinchid ossaid co caenn dá mís fri hadhnacvl a marb, fri othvr a créchtnaigthe. IAR comarlécud do Príaimh in mithisi rohadnacht leis Hectoir fíad doirsib na cathrach, 7 dorónta cluiche chointe dó amal robái i smachtaib 7 besaib na Troiandae.

Céin robátar na hossoda robái Palamides oc accáini comór do ríge oc Agmemnón. INtan dino rochúala Agmemnón anísin atrubairt nóscérad fría ríge díamad maith ri cách. Arabárach lai farum congairther in popul do imacallaim. IS and asbert Agmemnón nírbó santach immon ríge: fói leis cía nobeth inti: 1235 fói leis cenco beith. Léor leis namá co nderntá enech na Tróianda. INtan, trá, robái Palámid oc máidem asa ecna 7 asa éolvs, asa gaisced 7 asa flaithemnas, roordnigset na Gréic íarsin do ardríg forru uile. Rogab iartain Palámid in rige, 7 roat-

¹ Ms. coméirig. ² Ms. -chodlud. ³ Here in the Ms. is "Dermad fadera" preceded by the cenn fa eite. ⁴ Ms. connernta.

1240 laigestar buidi do Grécaib. Rop olc immorro la Achil clóechlódh ríge¹ do dénamh dóibh.

[Dares c 26.] Rogab immorro Palámid for [156] daingnigyd na scor, for métugud na murchlodh. Rogreis² dano na míledu co tístáis cogýr do chathugud fri Troiandu 7 fri Diophoeb mac 1245 Príaim. Condrecat, trá, na Troiandai 7 na Gréic for láthir debtha arnabárach. IS andsin, trá, robris Sarpedon Licivs (Troiandae) for Grécu, 7 rolá ár mór forry. Feraid Telepolemus Rodius² (Gréc) comrac feochair fri Sarpedón (Troiandae). O't-chonnairc dino Feres mac Admeist, rígthóisech do Grécaib, Tele-1250 polémus do thyitim la Sarpedon, tic cofercach 7 co feramail adochum co mbátar sist fota ic imthýarcain. Dofuit [dano] Feres (Gréc) íar créchtaib imdaib la Sarpedón. Rothaithchuir dino Sarpedón fuilech créchtach⁴ día thig.

Céin, trá, robátar oc cathugud dorochratar iltóisigh do 1255 chechtar in dá lethe, acht is lía dorochair do Tróiandaib, do trénferaib 7 chvradaib. Tan iarum robo trom for Troiannaib dochéas uadib do chvinchid mithisi. Céin, trá, robatar na osada roadnaicset a marby, robothratar⁵ a n-athgóite.

Ba hinill dano do Troiandaib imthecht i scoraib na nGréc 1260 céin nóbítis na hossada ar cóir, [7] ba hinill do Grécaib techt isin Trói.

IS andsin rotóchuired Agmemnon 7 Demepons i tech n-imacallma co Palamid, co rig na nGréc, co ndechsaitís in Moysiam do thabhairt chís chruthnecht[a] ó Thelip mac Ercoil, ó rechtaire Moysiae. [157*] "IS dóigh chena", ol Palámid, "bid emeilt la hAgmemnón iar mbeith ir-rígi a fóidhivd fri techtairecht." "Ní ba hemi[l]t immorro", ol Agmemnón, "lem techt lat forchongrasa."

IMthusa immorro Palamid, rodaingnigh na scuru⁷ 7 doróni 1270 thuru roarda immacéaird, 'na timchaell. Machtad immorro lásna Tróianda, cidh fótera do Grécaib, frecor céill na scor 7 athnugud na múr 7 tórmach na rath 7 na fál 7 fúr cech réta.

¹ righ, L. ² Rogresi, L. ³ Ms. rogdivs. ⁴ Ms. créchtacht. ⁵ Ms. roohothatar. L. Roothratar. ⁶ Ms. ri. ⁷ Ms. scvra.

[Dares c. 27.] INtan, trá, robo lán a bliadan¹ Hectoir i n-adnacvl, dollotar asa cathraig sechtair .i. Andromacha a ben Hectoir 7 Pría[i]m mac Lamedoin 7 Écvba ben Príaim 7 Poliv- 1275 xína ingen Priaim 7 Alaxander mac Priaim 7 Troil mac Príaim 7 Diophoeb mac Priaim 7 slóigh 7 sochaide málle fríu, do dénvm chluiche chainte do Hectoir. IS andsin dorala Achil i ndorus na cathrac[h] aracind. Amal atchonnaircside fochétóir in mnái rochóem .i. inní Poliuxína, dorat grádh 7 seirc 7 inmaini di. Rothinscan bith indes cen cathugud oc fritháilim 1280 ernadma na mná dó.

Ba trom dano leis Agmennón do chor asa ríge 7 Palámid do rígad², fobíth ní rabe ní na dénad Agmennón airiseom.

Fóidis íarvm Achíl techtaire .i. seruvs troianus, do acallaim Ecuba³ .i. co tvotha dó Poliuxína, 7 nóregad dochvm a thíre 1285 cona Mirmedondaib málle fris, 7 athert día ndechsadsom noregad cech rígh 7 cech tóisech di Grécaib ule día thig. Atrubairt [157^b] Ecuba⁴ robo maith lea anísin dia mbad máith la Príaim. Rofiarfaig se do Priaim in bá maith leis. "Ní chumaingar⁵ anísin", ol Priaim, "acht chæna ni comad ole d'íarmairt, 1290 ár cía nódíghedsom cona Mirmedónaib día thigh ní regtáis tóisigh na nGréc olchæna." Bá hole leis dano a inghen do thabhairt do óegid anachnidh nóregad dochvm a chríche 7 a ferainn fóchétóir. IS annsin rofóidh Achíl in mog cétna día íarfaighid do Écuba⁷ cidh chomhairle doróne 7 Príaim. Adfét 1295 Écvb[a] dó comairle Príaim.

INtan íarvm roinnis in techtaire do Achíl a scéla 7 a imthecht[a], robái oc gerán 7 ic accaini móir sechnón⁸ in dúnaid co n-érbairt: "Mór in⁹ byrba", ol sé "donither sund .i. cathmílid chalma 7 curaid chróda na hAisía 7 na hEórpa do chomthinól 1300 co mbátar oc slaide 7 oc míairlech¹⁰ a chéile tría fochund óenmná." Trom leis dano clanda na rígh 7 na tóisech 7 na n-octhigern do díbudh 7 do erchru triasi[n] fothasin, 7 athigh 7 doeraicme

¹ lanbliadon, L. ² righu, L. ⁸ Ms. Ecvbv. ⁴ Ms. Ecubv. ⁵ cumnagar, L. ⁶ Ms. regdáis. ⁷ Ms. Écvbv. ⁸ Ms. sethnón. ⁹ Ms. an. ¹⁹ airliuch, L.

do móradh díanéis. Ba ferr síth 7 caratrad 7 cháinchomrac 1305 [do beith] ann, 7 cách do dola día thír feisin.

[Dares c. 28.] IArsindí, tra, roscachetar na ossadha. Tánic Palámid cona sluagaib 7 cona sochaide sechtair na scoraib co mbátir for láthur dæbtha. Tancatar immorro na Troiandai don leith aile im Diofoeb mac Príaim. Ni thánic immorro 1310 Achíl in lasin isin cath ar feirg 7 luinde. [158] Móite dano bruth 7 anbthine Palámid di sein. Roben berna cét isin c[h]ath co riacht dú i mbái Diofóeb mac Priaim, co roben a chend dar sciath de.

Atreacht iarsin comrac rothrén roamnas and. Ba fe ille 1315 7 innund in comracsin. Dorochratar ilmíle do chechtar in dá lethe, co mbó forderg in talam fo cossaib la slaimred na fola IS annsin, tra, tháinic Sarpedón Licius com-mórbruth 7 commórfeirg do chathugud fri Palámid. Ros-fritháil Palámid co torchair leis Sarpedon Licivs. O doróni, tra, Palámid na guima 1320 sa, robái cofáilid arbélaib na hurgaile. Intan, trá, robái 'cá maidhem dá rígchathmilid na Troiandai do thuitim da laim, rothrochlastair Alaxander a fidboc1 7 rola [for] Palamíd erchor do saegit co ndechaid ind. O'tchonncatar na Troiandai anisin focherdat² ule a ngai fair co nderna criathar focha de. 1325 Dorochair Palámid [i]sin maigin sin. IAr tuitim dino rig na nGrec doratad tafond forru corici na scuru co ndechatar 'na medon for techedh. IAdait³ na Tróiandai imon ndún do t[h]oghail na scor, 7 loiscit na longa. INdistir do Achil innísin. 4 "Ni fír sin", ar Achil, "brissid forsin righ nua 7 a thuitim lá naimtib!" 1880 fochuitbiud leossvn in nísin.⁵ Rogab, tra, Aiac mac Telamoin dareisi in tsiluaigh 7 dorat cathughud cruaid do Troiandaib. conid hi in adaig roetarscar a cathughud.6 Co ndechaid cach dib dia daingin la [158b] dead lai. Rochóinset, trá, na Gréic inní Palamid in n-aidchisin i. ar fæbas a chrotha 7 a dénma 7 a 1835 dælba, ar mét a ecna 7 a éolais 7 a fessa, ar met a gharta 7 a gníma 7 a gaiscid. Roaccáinset dano na Troiandai Sarpedón 7 Diofóeb a rígthoisig 7 a primchathmílid.

¹ Ms. fidhbhoch. ² Ms. andisin focerded (focertid, L.). ³ Ms. IAdaid. ⁴ Ms. indisin. ⁵ Ms. annisin. ⁶ Ms. gcathughud.

[Dares c. 29.] Rothinólastar, trá, Nestoir na rígu 7 na tóisechv i n-oendáil in n-naidchi sin do chomairli co rogaibtís¹ óen rig forru, 7 issed ronert íarum co mbadh Agmemnón intsainrudh 1340 nogabhtáis, fóbíth robái mórsónmighe 7 sochonáich don tslúagh ann céin robo rí doib Agmemnón.²

ISin matain árnábárach iarvm dollotar na Troiandaí don chath. Is bec na rodásedh 7 ná rodechrad impv, 7 rochrothset in talmain lá mét in lúthbása 7 la fichiudh na férgi rucsat 1345 na láe[i]ch leo isin cath. Dolluidh dano Agmemnón don leith aile co cath na nGréc imbi. Bá cróda, thrá, in cath roferset na mílidh. Robái ancridhe ic cách díb díaraile. Rosantaigset todáil na fola cen imneghad. Ba róen ille 7 innund in comracsin.

INtan, tra, donn-ánic⁵ medhónlái doroacht Troilus arammus na herghaile, 7 ruc báre nachar 'nágthidhe sech ánradu na Troiandae, cor-raibi etarru 7 a naimte, co ragaib oc fortbe na curad, oc brecad na mbvdhen, oc slaidhe na slógh, a ucht a chatha fadheisin. Ocus dorat torannglés forru, 7 ros-timmairg remi 1355 dochvm na scor, amal timairces séigh mintv. Ocus ní roan diib [159^a] co torchratar ilmíli díib leis ríasív nóíadaitís dóirsi na scor díanéis. IS do díarmidib⁶, trá, in sceoilsi ana torchratar do láechaib na Gréci sund do garbchluchi Throil.

ARnabárach immorro, im-mocha lái, tancatar Troiandaí asa 1360 cathraig sechtair don chath. Tic dano Agmemnón don leith aili, co láechraid na nGréc imbi. Ferthar gléo fuilech, fergach, níthach, neimhnech, nvalghubach ann di cech in dá irgal⁸. Roladh, tra, ár dermar di cechtar in dá leithe. Robriste and láith gaile Éorpa 7 Assiae. Conáchad and cath cródha cumnart 1365 créchtnaighthech and. Roptar imdha srotha fola dar cnesaib m[o]ethóclách ic techt i ngábudh darcend cumaing. Robo imda láech 'na ligv iarna lúathletrad 7 íarna lúathtimdíbé do bágaid bidbad. Robo imda scíath íarna dlugha ó or co hur. Robo imda claideb íarna chathim corici a dornchur 'conn-imbvalad. 1370

¹ Ms. raghbhaitís. ² he, L. ³ Ms. an. ⁴ Ms. sin. ⁵ dananic, L. ⁶ Ms. díarmib. ⁷ immochu, L. ⁸ di cech leith din irgail, L.

Robo imda gái 7 foga íarna [m]brisiud sechnón¹ na láthrech. Robtar imda fadba cen oógud. Robtar lána, thrá, glenda 7 állta 7 inbera ind ármaighe in laasin dona srothaib fola robátar ann oc snighe a corpaib² láech lánchalma. Cen co turmide, trá, do gni-1375 maib ind lathise acht cech a torchair do láim Troil ósair chlainne Príaim — sinsir immorro fer ndomhain o turcbáil co funed arái n-enigh 7 engnama 7 gaiscid — cen co turmidhe dino acht sin, baléor do scélaibh gaiscid 7 d'esbaidh día naimtib. Ar cen co fagbaitís Gréic doimniudh in tslúaghaidhsin acht cech a 1380 torchair dia tóisechaib trenaib in laa-sin la Troil, ba mór dh'vlc, cenmóthá, a forlaig din tslúagh olchena: is lía turim són.

IArsin, trá, robátar oc cathugud cech áen lái co cenn sechtmaine. [159b] Docvas ó Agmennón do chvinchid mithisi co cend dá mís. Roadhnacht, tra, cách a charait 7 a choem 7 a 1385 chocéle. Dorónsát [dano] Gréic im Agmennón cluiche chainte cohergna 7 cohonórach do Palámid día ríg.

[Dares c. 30.] Céin, thrá, robátar na mithisi, rofóidi Agmemnón techta do thóchviriud Achíl isin chath. Batir hé na techta hísin³.i. Ulix 7 Nestoir 7 Diomíd. Ní roétad étir o Achíl aní-1390 sin, fobíth ancich dorairngert Écuba⁴ dó, ar rop hé mét seirce Poliúxina leis conárb' áil dó etir cathugud fri Troiandu. Rofergaig⁵ immorro comór frisna techta ar thiachtain etir adóchvm. Et dixit frív Rop ferr síth 7 caratradh 7 cáinchomrac do dénvm etir na dá thír indás eisidh 7 escaratradh 7 láich na dá tíre 1395 do thuitim.

INtan atcúas do Agmemnón tennopad in chathaigthe do Achíl rotóchuirit⁶ dó ind uile thóisigh archena do comairle cidh dogéntáis, in badh hé an ní atrubair[t] Achíl .i. síth 7 caratrad, no inbad chocad 7 debech amal rothinscansatar. Roíarfaig 1400 dóib isin dáil ced rothogh menma cech áin vadib. IS and sin, thrá, roattaig Menelaus a bráthair co mbad comnertad na miledh don chathugud doneth 7 na bad déirge na Trói. Atrubairt dano náchar fécen úath na herud don chathraig, ar ní raibe láech mar Hectoir 'cá dítin annsin amal robái reime.

Ms. brisiud sethnon.
 Ms. corbaib.
 Ms. hisin.
 Ms. Écuby.
 Ms. Rofergaid.
 Ms. rotóchuirid.
 debaid, L.
 Ms. bráthur.

IS andsin asbert Vlix 7 Diómid narbad treisse Hectoir in- 1405 dás Troil i ngnimaib gaiscid 7 engnama. "Ní d'opa[d] chena in cathaigthe atberam sin", ar íat¹. IS ann asbert Calchas² frív, a fástine Apaill, arna deirgitís ferand na Trói, ar rop focsi [160°] acách dóib tvitim na Trói.

[Dares c. 31.] O thánic, trá, cend in mithisi dolluidh Agmemnón 1410 7 Menel[a]us 7 Diómid, Ulix 7 Áiaic dochym in chatha. Dollotar³ dano na Troiandai don leith aile im Throil im Aeneas,4 im Helin, 7c. Rofúachtnaighsetar na dá ergail cotrén 7 cotnúthach. IMthusa immorro Throil, tánic reme co cath na nGréc. Rofúabair gleo n-amhnas n-agthidhe d'ferthain forsna slúagu. Roathchymmai 1415 Menelaum isin chétna ergail. Dorat iartain tafhonn ndermáir forsna slúaghy co rangatar na scurv. ÍSind lathi árnabárach dolluidh Troilus 7 Alaxander ría slúag na Troiandae. Tic immorro Agmemnón 7 Diómid 7 Ulix 7 Nestoir 7 Áiáx mac Telamoin 7 Menelaus ria cathaib na nGréc. ISin fechtain 1420 íarum má rofácaibhset nech isnaib scoraib acht Achil cona muintir 7 cona slúag. Achar, thrá, indas na hesorgne rofersat diblinaib. Ní rodomair nech ann cert diaraile. Rodechradh ann im Throil 7 noberedh báre cósna Grécy, co mbiid im-medhón in tslúaigh. Noléicthe láthir láich dó for lár in chatha co 1425 mbid rót n-vrchyra úad cen nech día naimtib fair. Nirbo lenbháidhi in t-amus dó ferann claidib 7 búalí bodba 7 cathmúr do chollaib do dénym imbi 'mácvairt im-medon a námhat, co mbá híat a namait nobítís eturru 7 a muintir fadheisin. IS annsin rofúabair drong na míledh co rubái Diómid etarru 7 dorat 1430 tafhonn forro. Rofuabair íartain drong na rigraidhe co n-Agmemnón: dorat breisim forru co romarb ríg etarru. Dásthir imbi farvm, 7 rodn-imbeir forru amal fóelaid [160b] etir cháircha, coros-timaire remi corici na scura. Robátar, thrá, fon innus sin i cathugud fri ré .xxx. laa. Mor trichat, mór cethrachat, mór 1435 cóicat, mór cét, mor míle dorocratar díb frisin ré sin.

INtan dino atchonnairc Agmemnón in slúag romór do thvit[im] día muintir, 7 ní raibi do slúagh ádhbyr cathaighthe

¹ Ms. iad. ² Ms. chalchas. L. calcas. ³ Here L. ends. ⁴ Ms. áenaes. ⁵ Ms. -fechtani. ⁶ Ms. cathhaighthe.

fri Troiandu íar ndíth a muintire, dochúas úad do chuinchid 1440 ossaid for Príaim co cend sé mís. Rothóchuirthe, thrá, co Priaim a huile thóisigh, 7 roinnis dóib tíachtain ó Grécaib do chuinchidh ossaid lethbliadne. Ní roétadh immorro o Throiandaib 7 o Throil anísin co héscaid, acht aráidhe doratsat a himpidhe Príaim. Tancatar íarsin a techta na nGréc dochum 1445 na scor. Íar tabairt ind ossaid roadnacht cách a charait 7 a chocéle, 7 ro othroit dano in lucht athgóite la hAgmemnón .i. Diómid 7 Menelaus. Dorónsat dano in Troiandai a cétna .i. roadnaicset a marbhy, rolegesaighset a créchtnaigthiu.

Bái comhairlí íarvm lasna rígaib Grécdaib dús cindus do1450 bérdís for Achíl techt isin chath, fóbíth ní fríth léo láech
tairismhe Troil acht eiseom; co roaslaighset for Agmemónn feisin techt do thóchuiriudh Achíl. IS annsin, trá, roattaigh Achíl
inní Agmemnón connábád cocad doneth, acht commad síth: "ar
is ferr síth sochocad. Mad cathugud immorro dognéthí cuir1455 fitsa mo muintir do chongnym frib, arná digese fo uile éra."
Téit Agmemnón día thig budhech forfáilid.

[Dares c. 32.] O thánic, thrá, aimser an catha rochoraigset Troiandaí a slógh. Roecratar dano Gréic a cath don leith aile. IS annsin roghab Achíl for gresacht na Mirmedonda colléir, 7 1460 ros-faide 'na snadmaimm [161*] chatha do chathugud fri Troiandu 7 fri Troil, 7 atrubairt fríu dano ara tuctáis cend Troil dósum léo. Ásaidh comrac úathmar anachnidh etir dá n-indna na cath. Rodásed imna Mirmedóndaib; is bec na romid an talam fo cossaib la fichud na feirge bái 'na mbruinnib. Ba 1465 méte léo ná fagebtáis a ndoithin debtha 7 urgaile co forcenn mbetha. Ba méite léo cech beim dobertáis nothascertáis na firu co talmain. Ba méte dano léo nothaféntais na Troiándu corice a cathraig. Ba méite dano béus leo nóráinfidís 7 nobrufitís múrv na Trói. Manbad nert na fer doralatar fr[i]ú aráidhe 1470 ní fáilsaitís mani chobhrad Troil.

INTan dino atchonnairc Troil in dechradh romór 7 in luthbás 7 in býrach rofersat na Mirm[id]ónda, 7 antan rotheilcset a ngái fair feisin, ros-lín bruth 7 ferg, 7 atraracht an lon láich asa éton combó comfota frisin sróin, 7 dodechatar a dí

stil asa chind combat sith[ith]ir artemh fria chenn anechtair. 1475 Ropo cumma a folt 7 cróebred sciád. Rofóbair an cruthsin na slógy, amal léoman léir lán luind letarthaigh reithes do thruchu torcraide. Romharb, thrá, trí cóicthy láth ngaile do Grécaib 7 Mirmedóndaib lásin cétrúathar míled ron-úc aranammus. Ataig cummasc íarsin forna slúagu vile¹ 7 romill na 1480 Gréev 7 romarbh na Mirmsedlonda corici beolv na scor. Ocus rolá ár na slógh, 7 is do díármidhib na Togla an-romarb Tróil in láasin nammá dona Grécaib. Ocus is cuit péne má roéla nech don tslúagh uile úad nád bád baccach no dall no bodhar no cérr farna [161b] thescad 7 farna timdibe d'forgab a gái, 1485 do ghin a chlaidhibh, do bil a scéith, do ind a duirn, do bacc a uille, do remor a glúini, conad immále noimbredh forru báirne na cloch, creta na carpat, cunga na ndam, cécht na n-arathar. Nógebed dano na sciathy 7 na claidbe 7 na sunny 7 na homnada, cona bitís 'na láim acht a tervarsena íarna mbrisivd 1490 oc slaide a námat. IS sí a mét, trá, dochótar for techedh conidh isin fechtain tárrasair Áiaic mac Telamóin daran-éise. Rothintái Troil cona Throiandaib com-mórbtaidh 7 com-morchoscyr fó tráth fescoir día cathraig. Bái brón mór in n-aidchi sin i ndýnadh na inGréc tría ágh láma Troil. Tarthut léo a óete in 1495 mic 7 a laghad nofulngaitís forgla trenfer 7 feinedh íarthair in betha imbyaladh fris. Asbert cách uadhib fria chéle, díambád lán a fiche bliadan nomairbhfed in slógh ule 7 ní rised fer innisi scéoil diib úad co tír na Gréci forcúlu. Diamad fer i formna² a áise, nobíad ós churada 7 trénferaib in talman ó 1500 turcháil ngréne coa funedh, 7 nolínfadh in domhun dia ailgib 7 día gaiscedhaib 7 dia mórglonnaib, 7 doróscaighfedh ced do Ercoil ar neurt 7 chalmatus. Día sirtha fair combad tríchtach a righe na Troiandae nofollomnaigfedh for firv talman, othá crícha Iuenes co hinnsi na mBretan fri domun aníarthúaid. 1505 Robad óenrí, thrá, fó chetheora árda an domhuin. si. r.

ISsin matain arnabárach dolluid Agmemnón cona slogh. [162^a.] Dollotar dano uli thóisigh na Mirmedonda cobághach bruthmar cechndíriuch arcind Throil. Ó rochomraicset immorro

¹ Ms. slúag nvile. ² Ms. fornna.

1510 na dá chath, rofiged gléo garb ann. Dorochratar sochaide do cechtar in dá lethe. Robátar sist in cruth sin oc cathugud cech lái. Nos-fúabred Troil cach día, 7 focéirdedh an ár corici na scuru. Ocus rogab eill dona Mírmedondaib sech cách, conascirredh láma díb co teigtís 'na les co Achíl.

1515 INtan íarum atchon*nairc* Agm*emnón* na hilmíle do thotim día muintir 7 in fordinge dorat Troil forru, doch[ú]as uad co Príaim do chuinchidh ossaid, trichat laa fri adhnacvl a marb, fri híc á crechtnaigthe. Dorat Príaim in n-ossad sin fóbíth a cétna do dénym.

[Dares c. 33.] O thánic, trá, aimser in chatha tecait na Troi-1520 andai am-mach asa cathraig. Tinólait na Gréic don leith aile. Tic dano Troil fóisin dochum na herghaili. Roimmáig na Grécv. Rothafonn na Mirmedónda remi dochum na scor for techedh. Iarsin, trá, rogab ferg 7 luinde a[n]ní Achil oc décain an madma 1525 cech lái ara ammus. Garb leis in glés nógebedh Troil cech lái for a muintir. Ingir dano leis a déghmuinter 7 a degées imgona, a chóemh 7 a charait, do thuitim isinn ármáigh arabélaib. Mebol leis dano in moethgilla amulach doná roás finna nó ulcha. do beith isc] cummai 7 oc letrad trénfer iarthair in betha doná 1530 raibi cydrumus do shíl n-Ádhaim coséin. IS and sin dochúaid fadheisin isin chath, 7 ised dochvaid cechndírivch [162b] arcind Troil. Ó'tchonnairc Troil anísin ros-fritháil. Condrecat íarum comrac déssi diblinaib. Fócherd Troil fair erchor do gai mór co rodn-gon. IS for feraib, thrá, rucad úad día scoraib intí 1535 Achíl. Robátar, trá, fón innas sin in tslúaigh oc thúarcain co cend sechtmaine. Sochaide immorro dorochratar etarry frisin ré sin.

ISin tsesed lau immorro íar crechtnughvdh Achíl dodechaid isin chath arídhisi, 7 rogab a[c] gresacht na Mírm[ed]onda 1540 co robristís for Troiándaib. INtan robói in grían oc fresgabáil hi clethe nime 7 doratni fri glennaib 7 fánaib, tánic Troil dochvm in catha. Fóchérdat Gréic gáir mór estib ic aiscin Troil. Tecait na Mirmedonda arachind 7 fillit fair, fóbíth is for eoch robái. Do ségdaibh an domain ana nderna do clesaib 1545 gaiscidh arambelaibh .i. febas in dibraicthe, glice na hersclaige,

trici na trénbéimend. Roimir a byrach 7 a baraind for martad na mbuden, for marbad na míledh, for slaide na slógh. IS do dírimib na Togla an-romarb Troil 7 a ech do Grécaib isind lathisin nammá. O'tchonncatar íarvm na Gréic sochaide móra do marbad do Throil, doratsat uile a menmain fri tetar- 1550 racht a marbtha. Tan dino robái Tróil ocond imguin fócherdar erchor forsin n-ech bái fói, coruc arrinde thriit, 7 co rolá an t-ech trí bidgy i n-árde, 7 co torchair dochym thalman, ocus rola Troi forsin leth aile 'na lighu. Ríasív atrésedh súas tic Achil cotric 7 co- [163a] tinnendsach ar a ammus, 7 dobeir for- 1555 gab do gái mór fair, co ríacht co talmain triit, co n-erbailt Tróil de. Tan farum dorat ammus for breith leis an chuirp dia scoraib, is ann tanic Memnón dub adochym, 7 roben uad in corp arécin 7 rogon Achil feisin. Téit Achil iarna guin dia scoruib. Tainic Memnon 'na degaid docvm na scor cona slua- 1560 gaib imbe. INtan íarum atchonnairc in caur úathmar as tresi robói do síl Adhaim i. Achíl, ni rodam dó cen tinntud fri Memnon. Condráncatar iarum comrac déisi iar cathugud dóib fri hed ciana. Dorochair Memnon iar¹ fuirmed ilchrecht fair, 7 rocrecht naiged ced Achil, 7 dochoid dia scorvib co mórbuaid 1565 7 morcoscar, 2 7 robáss ica othrus intib cofata. Ond uair iarum dorochair Troil 7 Memnon romebaid forsna Troiándu docum a cathrach, co farcsat ár mór do degdóinib, 7 roiatta na doirrsi colleir. O tainic iarum ind adaig, dochotar Greic dia scorvibh co mbúaid 7 coscar. 1570

Docúas arnabarach o Priam do cvinchid osvid co cenn trichat lathi. Rofoemsat Greic indnisin. Rohadnacit iarvm la Priam Troil 7 Memnon 7 sochaidi aile archena. Mad in coiniud immorro roferad for Troil 7 Memnon is diaisneti amal doronad. Ár robatar sluáig Asiae etir fer 7 mnái, etir macv 7 1575 ingina, et reliqua sen 7 occ, oc lámchomart 7 occ nualguba i n-oenfecht 7 i n-oenuair. Rothelcset frosa dér ndichra. Robensat a fulta dia cendvib, 7 roruamnai[g]set a n-aigthi la tiachra ín

¹ over this word is written .d. and in the left margin is a cross.
² coscar is written over -buaid.

gnima. Fobíth is é insin lathi i torchair airther in betha .i. 1580 ardtoisech na hvili Asiae móre .i. rí na Pers 7 ind Egept do tvitim ann .i. Memnon. Mad immorro caur 7 [163b] cathmilid 7 cliathcomla cathv fher mbetha 7 in macoem án aurdairc imma n-ergidis macrada na Troiandae fri clvchib 7 chetib do thutim and, ba moresbaid don Assía ule. Ba sí so, tra, cétor-1585 gain na Trói. Ba húath lasna míleduib techt i cath daréis Tróil, ár ba comnart leo a menma o nabiid Tróil rempav, ár nochanos-gebed uath na oman imi in-cech cath 7 in-cech cathroi i tegedh. Deithbir ón dano, ar cia ro[b] maccaom som arái n-aisi, robo cathmilid arai n-engnama, robo gart arái n-enig. IS iat sin, tra, scela 7 imthechta 7 aided in coiced tréncath-

miled sil Adaim ule .i. Troil. [Dares c. 34.] IS annsin, tra, doroni Ecuba ben Priaim comarli cealcaig n-indtledaig. Olc lea a dá mac lancalma do marbad da Achil cen a digail fair. Rotocured iarum Alaxander dia 1595 hindsaigid co roindled etarnada for Achil. Fobíth nofaidfeth si techta co hAchil dia tiachtain co tempull n-Apuill do naidm Poliuxina ingeni Priaim dó, 7 do dénam sitha fri Priaim. Rogell Alaxander co forbthechfed andisin dia tísad Achil isin coindi. ISind aidchisin iarvm fadeisin dor o ega Alaxander 1600 mileda rochalma rotestamla na Troiándae, 7 ros-tinoil co hídhaltech Apaill Timbrecda. O thárnecatar, tra, na hisea rofoidi Ecuba techtairi do togairm Achil. Ro-indis in techtairi do Achil indi 'ma rofoided. Robo failid ri hAchil annisin 7 ba fota les cid co matain, ar serc na hingine. Doluid dino arnabarach Achil 7 Antiloicius mac Nestoir a comalta malle friss 1605 docum an idaltighe amal asbert in techtairi friu. Atraigh iarum Alaxander cona-muinntir asa n-etarnaidi 7 rogab oc gresacht na mileadh. [164.] INtan iarvm atchondcatar Achil 7 Antiloic anísin roláset a n-étaige diib for a láim clí 7 doroslaigset a claidbiv. Rodásed íarsin im Achíl, 7 roimbir forsna 1610 slúagy a bruth 7 a baraind, 7 ros-fúabair cofergach 7 coferamhail 7 dorochratar ilmíle díb leis, conid do dírimib na Togla ana torchair leis an lásin don gérrchlaideb bái 'na láim. Conostoracht Alaxander íar márbhad Antiloic, co tarat ilcrechta for Achíl. Rodn-gonsat dano na Troiándaí adíu 7 análl, co torchair fodéoidh la hAlaxander íar mbeith fota oc debhaidh 7 ic im- 1615 thúarcain. Ro[f]orchongair íarsin Alaxander corp Achíl do chor fó chonaib 7 énaib 7 alltaib. Dogéntá dano anísin mani thairmescad Elena. Tucad íarum corp Achíl do Grécaib. Mór, thrá, in brón 7 in cóiniud robói ind n-aidchi sin i ndúnadh na nGréc. Nír'bó brón cen fátha doibsivm ón anísin, fobíth 1620 dorochair a cathmílid calma 7 a cléth bága fría naimtiu, 7 intí rodhingaib Hectoir 7 Troil diib 7 na tóisiuchv Troiandu olchenai dorascratar ilmíl[i] día slógaib. Rodn-gab athrechus do thecht an tslúagaid etir, ar dorochratar a tóisigh 7 a trénfir 7 ar-rig. Annso cech ní léo dano Achíl do marbhadh, ar día 1625 mbeth Achíl rempv nofailsaitís cech docair chatha 7 comraic 7 achomlaind donicfad.

[Dares c. 35.] Bai comairle in aidchisin la rígaibh na nGréc dús cía dia tibértáis comarbus n-Achíl. Ba sí a comairle, a thabairt do [164^b] Aiaix mac Telémoin, ar is hé ba foicsi 1630 carotrad dóa. IS and asbert Aiáx mac Telemoin ba córai dóib techt úadib arcenn Pirr (piroc [πυρρός] interpretatur rufus) a mec fadheisin robói i n-inis Scir la Licoméid, lia senathair .i. lá athair a mháthar. Ba tol do Grécaib uile anísin. Ocus rofóidhset Menelaum forsin techtairecht sin arcend Phirr. Ro-1635 léic íarum Licomeid leosum Pirr do gabáil gaiscid a athar.

O thánic, tra, cend na mithisi, rochóraig Agmemnon a chath, 7 rogreisi na míledv. Tecait dano Troiándai don leith aile: ferthar cath cróda and, 7 dofuitet ilmíli don tslúagh cechtarda. Roláadh gáir móir and disív 7 análl. IS annsin robói Aiáx 1640 lomthornacht isind hirgail. Robái dano Alaxander ic saigted na slógh a hucht chatha, 7 doroscair sochaidhe móra do Grécaib. Rolá íarum erchor do saighit for Aiaic, o robói lomthornacht isin chath, co ndechaid 'na thóeb. O dodechaid íarum bruth 7 ferg na gona innsidhe rofúabair tríasin cath co hAla-1645 xander, 7 ní thall láim de corus-marb 7 corus-mudhaig. Dochvaid immorro Aiáx mac Telemoin dia scoraib 7 tall a saigit ass 7 atbath iarvm focátóir. Berair dano corp Alaxandir don chathraig. IS and, trá, robris Diómid forsn[a] Troiándu iar tui-

1650 tim Alaxandir, 7 rolá a n-ár corice doirse na cathrach. Cénco beith, tra, doimniudh na Troiandae acht an búrach rofer Diómid forru isin lathisin, ba léor do ár 7 do mortlaid: ár ní rabe ní bad gránche oldás in luathletrad 7 in luaththinme dorat forru fri doirse na cathrach. Dochéaidh Agmemnon [165*] íarsin co 1655 nGrécaib imbi, co ndeisidh im-medón-cathraig 7 co ndernai frithairi impi corice in findmatin arnámhárach, ar ní rabe isin Trói nech dobérad dorair doib daréisi a ndeghthóisigh .i. Alaxander.

nech dobérad dorair doib daréisi a ndeghthóisigh .i. Alaxander. Mór, thrá, in brón 7 in dubha robái in n-aidhchisin hi cathraig na Troiandae do díth a ndegrígh. Tróg an golgaire 1660 rofersat and fir 7 mná, etir áis 7 óitid. IS annsin dororchair in cing 7 in cathmilid dédhenach rochongaib ócv airthir in betha. Robadh ingir éim la feraib in talman, o turcbáil co funedh, timdíbe a chuirp seom dia n-aichintigtís a ecosc som: fobíth ní raibi deilb amal deilb Alaxandir etir méit 7 maissi 1665 7 mórordun, etir chruth 7 chéil 7 chomlabra, etir détgen 7 dénym 7 deichelt, etir folt 7 ulchai 7 aghaidh, etir gnáis 7 gáis 7 gaiscedh. Ba tairmesc do airbrib na nGréc din chathugud taidbriudh a chrotha. Ba techta dar tíre cíana día décsain. Bantrochta immorro na Gréci nodercdís fair ic breith na mbyaid 1670 i n-oenuch Elédem ní bá fíu léo asscin a fer feisin farná aiscin seomh 'na thimthuch óenaigh. Roleth, thra, allud 7 ánius 7 vrdarcvs Alaxandir fon Assía 7 fon Éoraip ule sícc. Doratsat émh na Tróianda dímhicin for a cathraig, fóbíth atbath a fréscisiv 7 a ndval tesaircne 7 a lennán uile etir firu 7 mnaa. Ar 1675 intan nothéged i cathugud notadaitís fir 7 mnaa láma fair ná díchsed i n-eslind etir. dég avrachille lá techt ananat (sic) uadhibh. [165b.] Ní raibe día bráthribh domna rígh bád ferr oldáas, etir chruth 7 chéil 7 chóir ngaiscidh.

ISsin matin arnábárach immorro dollotar do adhnacvi chuirp 1680 Alaxandir .i. Príaimh 7 Ecuby 7 Elenae, ar ná miscnighed na Troiándu 7 na carad na Grécy, do díth a fir.

[Dares c. 36.] ISind lathi sin immorro rothinóil Agmemnón na Grécv do doirsib na cathrach, 7 robói ic grennugud na Troiánda co tístáis asa cathraigh do cath frisom. Roforchongair
1685 immorro Priaim for a munntir frithairisem cocalma 7 gabáil

na cathrach co tísadh Pentisilia ríghan na cíchloiscthe cona slógaib do chonghum 7 do chobair dóibh. O thánic immorro Pentisilia rosern arnábárach in cath inaghaidh Aghmennoin. Húathmar, tra, an choimleng, cródho in claidbed 7 in coscrad tuc cách arachéile isin maighinsin. Ba tnúthach roferset na 1690 mná armachai an choimleng. Nobristís na hergala for fíana rochalma fer n-Éorpa. Noléced ferscál annsin a bernai chatha do banscáil. IS and sin condriced Pentisilia frisna trénfiry commarbad cech fer arváir díb. Beg nár-bvd rescidir fri banna d'fordorus i n-aimsir foile cathmílidh chróda iarna tuitim do- 1695 cum thalman tré ágh a comlaind ar galaib deisi. Ni fóelangatar iarum cathmilide na nGréc an luthfás romór 7 an dechradh rofersat na banfénidi forru. Rotheichset jarum corice na scurv. [166a.] Rochuir Pentisilia cona bantrocht ár mór díb co ndechatar ísna scoraib. Rosreth íarum an banmílid a 1700 slóg imna scuru 'mácvairt. Roloiscthe léa drécht mór dona longaib. Dobered cath cach lái dóib fón-innas[s]in, 7 nóbrised forru co teigtís im-medón na scor for techedh 7 isin fechtain nothairised Diómíd a oénur fríesi, fóbíth batir athlamiv na mná andáti na fir. Ar intan dourgabtáis na Gréic a láma fri ta- 1705 bairt béime no forcaib, nothócobtáis na mná a sciathv immátimchæll dond ersclaige: intan immorro immarchúiritís na Gréic a sciathu 7 a mboccóti fri ersclaige 7 fri himditin, in leth día nochtatáis íarum nocriathraitís ona mnáibh. INtan iarum na foelangtar na Gréic ted[f]úaparta na mban lánchalma dona fríth 1710 sét na samail do mnaib domhain, dochótar 'na scoraib 7 roíadsat na doirse coléir. Ocus ní roléic Agmennon dóib dvl ammach asin dún co tísad Meneluas asin Gréic. Tanic dano fóisin Meneluas 7 Pirr co dúnad na hGréc, 7 tucad arm a athar do Phirr, 7 doróni cói 7 lamchomart fora lighe, ocus nír-bó 1715 gan fotha dhó.

IMthusa immorro Pentisilia, tánic isin cath amal dogníth cach lái, 7 dothét do dóirsib na scor. Córaigid Pirr dano, rí na Mirmedón[d]a, a chath don leith aile. Srethais dano Agmem-

¹ Ms. chícloiste.

1720 non slogy na nGréc archena. Doroichet diblínaib arcind Pentisiliae. IS and sin roslaidh Pirr ár dérmár [166³] dona cíchlois[c]tib, 7 robris forry co táníc Pentisilia. O thánic-sidhe íarym condric comhrac ndéssi fri Pirr. Robatar, thrá, co dead lái cach díb oc tvarcain a scéith for araile, 7 ní ruc nechtar for-1725 gab for toind arachéile. Robo chródha, thrá, in comlonn banscáile rofóbair Pentisiliae andsin .i. comrac frisin láech is treisiy robái i n-airther in betha, 7 romarbh sochaide móra dona slyagaib.

Laa n-and dorat Pentisiliae forgab for Phirr coros-loit 1730 cogarbh. Dochvaidh íarvm ferg 7 bruth na gona hi Pirr, co ná fitir úath ná herod ic indsaigid Pentisilíae. Fegait comlann ndéise. Ropo ferda, thrá, an comracsa, aráide ba forthreise gaisced Pirr. Dorochair Pentisiliae a comrac déisse.

ÍAr tuitim immorro na rígna romemaidh for na cíchlo-1735 is[c]tib 7 for na Tróiandaib, 7 rolá Pirr 7 Díomid ár mór díb, co riachtatar dóirsi na cathrach. Iadait íarsvide na Gréic immon cathraig, 7 ferthar in cath impe 2 'mácúairt.

[Dares c. 37.] INtan íarum atchonnairc ríg 7 tóisigh na Troiandae na slúaghv sechtair 7 a mbeith immon cathraig, 1740 dochótar do acallaim Príaim. Bátir hé na tóisigh tháncatar and .i. Antinóir 7 Polidamas 7 Ácnéas. Do chomhairli dano thancatar dús cid dogentáis frisna mórslúaghaib rogabsat forry. Rotóchuirit a uile thóisigh do Príaim, 7 roíarfaigh dóib ced rop a[d]láic léo [do] dénamh. IS andsin asbert friv Antenor. 1745 "IS cuitbiudh dúib", ol sé, "cathugud fri Grécu, ár atbathatar [167*] for mílidh, rotascrait for láich, dorochratar for tóisigh, romarbthá maicc Príaim 7 cech óen dodechadar asna hailithírib do fortacht dúib. Marait immorro tóisigh na nGréc .i. Menelaus 7 Pirr mac Achíl, nád étrese oldáas a athair, 7 Diómid 1750 7 Aiáx Locrus 7 Nestor 7 Ulíx. Dobar-timairced farvm isin chathraig 7 rodúnta dóirse na cathrach forib. "ISs ed as maith duíb farvm", ol sé, "berar úaib Helena do Grécaib 7 in brat olchena tuc Alaxander ó inis Citherea. Raghdait íarvm

¹ Ms. fertoind ² Ms. imphe.

Gréic día tigh co sith 7 cháinchomrac." Ó robátar síst oc trial dénma in tsíd, atraacht Amfimacrus mac Priaim isind 1755 airecht. Moethóclach rotrén insin, 7 rorádi briathra and fri Antinóir 7 frisna hí robátar 'na óentaid .i. "Bá córv duib", ol se, "commad gressacht in tslúaig dognéth sib 7 techt rempa¹ do chauthugud friár náimtib tarcend far tíre 7 for n-athardai 7 for cathrach." ÍArsindí, trá, roforb Antinóir² na briathrasa 1760 atraracht Aéneas mac Anacís co n-érbairt aithesc n-álghen fri hAmfimacrus. "A maic", ar sé, "bá férr síth 7 cháinchomhracc oldáas eisíth 7 debach."

[Dares c. 38.] Asraract dano Príaim fadeisin co ndérbairt "Cía beithisi émh", ar sé, "a[c] cuinchidh sítha 7 chórv? Is 1765 triuib tháníc cech n-olc dorónad sund. Bátir sibh tóisig rofóidius[s]a co Grécv. Rofóidiusa émh indarade do chuinchid mo sethar dam o rígaib na nGréc. [167b] Intan íarvm dodechaid fo mélacht 7 fo éra, ó ulib rígaib na nGréc robái ic aslach 7 ic tabairt immón airtabarta catha do Grécaib. A chéli, dano, 1770 is hé roairg inis Citherea, maille fri hAlaxander, 7 tuc esti Helenam 7 in mbrait olchénai. IS airi sin íarvm ní híarata cid dvibsi in síth. Bid far menmai fris immorro corbat erlamha intan seinnfider in stocc oc techt dochum na ndorus do thabairt chatha crúaid codait do Grécaib, do brisivd dúib for far 1775 naimtib nó for mbás fadeissin."

O roscáich íarum rád na mbriatharsa dochóid cách día thig. Dochoaid íarum Príaim isin rígthech 7 rogaired a mac chuici .i. Amf[im]acrus, ocus roráidh fris: "Atágur", ar sé, "in lucht atáat ic eráil an tsídha do brath na cathrach conid-ed 1780 is cóir deisidhe a marbad ria síu chinnit in chomhairle sin." Derb leis mani mairntae in chathir robad cathbéadach fora naimtib 7 nobrisfedh forru. IS ed comairle doróni Priaim. Rotinolait leis a mílid rochalmai do dénvm ind échta ríasív noforbaitáis lucht na comairle brath na cathrach. Rogell dó iarum Amfi-1785 macrus dogénad aní roforchongair Príaim fair. "Déntar cobled mor lend", ol sé, "7 gairter na toisigh do chathim na fleidhe. Tinólfatsa míledy do chymsanad forry."

¹ Ms. rempha. ² Sic. leg. Amphimachus.

[Dares c. 39.] IMthvasa immorro na tóisech .i. Antinoir1 1790 7 Polidamas [1682] 7 Aucligón 7 Amfidamas, o roscáilset asin dáil lotar co mbátar i n-óenimacallaim 7 roairchis cách úadib a imnedh fría chéile. Ba trom léo aní roráidhi Priaim, ar bá ferr leis a dílgend féin 7 dílgend na cathrach 7 a athardai oldáas síth fri Grécv. IS and asbert Antinóir "Bái comairle 1795 lemsa dvib", ol sé, "7 ticfad far less di, man bamm imeclach dia rád." "Apair-seo éimh", ar na tóisigh aile, "7 ní ricfa cænn scéoil úainne tar tech, 7 ceped comairle dobéra dogénamne airiut." "Tiagar úain", ar Antinóir, "artúus co hÁenéas, co raib acaind isin-comairle. Tánic dano Áeneas andóchym, 7 1800 roffarfaig díib "cidh comairle is áil déib do dénvm?" ol Áeneas. "IS hí dano ar comairle", ar Antinóir, "mádat óentadachsv frinn. Nech úainn do thecht co Grécaib do acallaim Agmemnoin 7 mathe na nGréc archenai, co tartar glinne 7 enighe frinn im anacul ógh ar muinteri darcend bratha na cathrach 1805 7 dílsighthe ar n-atharda 7 tréoraigthe éolais doib co rígphelait Priaimh." Romol cách an comairle sin. Rocuiredh dano Polidamas úadhib do acallaim Agmemnóin, dég bá hé bá lughu cin fri Grécy, ocus roinnis do Agmemnón a thechtairecht doléir. Rotóchvirit íarym ríg na nGréc i n-óendáil co hAgmem-1810 nón, 7 atfet dóib aní frisa-tánic Polidaim .i. do brath na Trói darcend síth 7 charatraidh dóib féisin.

[Dares c. 40.] IArsin, trá, [168b] roíarfaigh Agmemnón dona ríghaib dús cedh dogentáis frisna bráthemhnaib, in tibértáis rátha fríu fó ná tibhértáis? Atrubairt Ulix 7 Nestor, nírbó 1815 fír etir do Polidaim, acht as for ceilg thánic. Mádh Pirr immorro, ní thorlaicside chucai etir scél Polidaim. O rodheimhnighestar dóib íarvm Polidámas, nách fri scél mbréci thánic, rochuinchidar Gréic comhartha chvcai. Atrubhairt Polidaim "cidh isind úairse ría techt damsa dechastái dochum na Trói 1820 oslecfaid Áenæs 7 Antinóir dóirse na cathrach reimhib." Atbertatar íarvm tóisigh na nGréc día fegatáis in comhartha .i. caindle adhanta do thaspénad dóib, 7 día cloistís guth Áeniasa

¹ Ms. Antintinoir.

7 Antinóir nofirfaitís al-luga frisna brathemno .i. Antenóir 7 Aucoligon 7 Ippitamas 7 Acnáes 7 Anachis do anacul cona mnáibh 7 maccaib 7 inghenaibh, cona mbráthrib 7 chobnestaib 1825 7 chocélib 7 cona fochráibib archaenai.

[Darce c. 41.] O rogléset íarvm a córu rogab Polidamas tús rempv dochum na cathrach .i. cosin dorus díanid ainm Scea. Fúaratar íarum comartha día comarthaib and .i. cend eich find i n-imdénam uas an dorus.

1830

Tancatar íarvm lucht in bráith .i. Áenaes mac Anachis 7 Antinóir i conde na nGréc. IMthusa immorro Prîaim. robói cech rét i fúr 7 i n-erlamha aici do marbad lochta an braith 7 do chathugud darcend na cathrach. Rothinolset íarum tóisigh in braith a muntera 7 a coemy 7 a cartiu dochym an doruis 1835 hi tardsat comartha [169a] do Grécaib conid and bátar immon dorus adíu 7 anall. Tancatar Gréic fóisin dochym an dorais díanid ainm Scéa. Lycht in braith rooslaicset in dorus 7 rofhursainset caindle fri haigthe a carad 7 a cocéle, 7 roléicset chuca isin cathraig. IS síad so immorro na tóisigh¹ roléigset 1840 chuca .i. Pirr mac Achil hi tosuch 7 Diómid 7 Menelaus mac Atir 7 araile toisigh archenai. Pirr, immorro, is é robói ic anacyl a muinntire uile in lochta romairnset an cathraig. Rogab, thrá, Antinóir tóisech ria mbuidnibh 7 slógad na nGréc dochum denna 7 rigimscingi 7 rígpheláti Príaim, dú ir-rabatar 1845 forgla thóisech na Tróianda uile. Indarlat dofóethsad an talam fó cossaib ar threise na toilge ron-ucsat 7 ar mét na feirgi. IS ann sin, trá, roimbir Pirr mac Achíl a bruth 7 a baraind 7 a bidbanais forsna Troiandu. Dorochratar sochaide díb in n-áidchisin día láim. Dorochair and íarum Pontius mac Ephrói, 1850 primerlabraid na Tróiandai ule indegaid Antenoir. Dorochair and dano Coréb céle Casandra ingene Príaim. Maccóem insin 7 ánrad 7 rind n-ága airthirthýascirt in betha. Ní moo andá sechtmain o thánic an chath... co ronasced dó Casandra. Ní roaccobáir immorro etir Casandra a héilniud, acht rop[f]err 1855 léa a feidligud i n-ógi 7 i ngænus. IS andsin, thra, tárrasair Pirr

¹ Ms. toisidh.

mac Achil in cathmilid i ndorus denna Priaim, 7 túag déstlácbrach 'na láimh, 7 rogab dono dorus as cáinemh [169b] 7 is áillem robói isin bith do rindaigecht écsamail cacha tíre co 1860 n-imdénym di ór 7 argut 7 liig lóghmair. Roraindset íarum na mílidh robátar i peláit Príaim íat feisin. Tucsat drem úadhib in dorus ind lis. Rogabsat side ic frithgabáil fri Pirr 7 frisna láechaib archenai. In fairend aile immorro dochótar side for sonnachaib 7 dymaib 7 chnoccaib togla an denna, cor-1865 gabsat ic tréndíbricud na slógh, conid immaille notheilgidís forru na gae 7 na claidbe 7 na sciathu 7 na saigte 7 bairne na cloch fo chossa 7 sailge 7 clárady 7 dromclai 7 ochtaige na ngríanán 7 na taige cláraidh. Robrissiset dano benna na stúagdorus, 7 rochuirset i cenn na iiGréc, co rothascairset ilmíli dona 1870 slúagaib fón innas[s]in. Atreachtatar íarvm lycht na cathrach cohúathmar 7 cohimeclach, codremon 7 codéinmnetach. tráth, conair theichidh acu, ar rolínsat Gréic sráti 7 ch[1]ochána 7 belata na cathrach. Robái, trá, óengáir forfut na Trói. IS cumai nógairtís na mílid 7 nóeightís na curaid, nobuirtís 1875 na buirb, nóiaechtaitís na mná, nóscréchaitís na lelaip. Dála immorro denna Príaim, rogabsat láich lánchalmaí na Troiánda íca dín 7 icá anacul. Fóbíth is ann robói an-roba dech d'ór 7 d'argut, do sétaibh [170a] 7 máinibh na Tróianda. Rogab immorro Pirr mac Achil ic tescad 7 ic timdibe na comlad co 1880 ríacht féin cona sciath tríana lár. Dorat íarsin tafhonn forsna Troiandu robátar ic daingnighud a ndorais. Deithbir ón fóbíth rop hé cend gaiscid fer mbetha daréise an lochta lánchalma dorochratar ann foran togailsea antí Pirr mac Achíl díatá furaithmet synn. IAr mbrised do Phirr ind imdorais, 7 iar 1885 tafhonn na cumétaide robátar isin dorus, dochéaid isin rigthech co romarbh a mac arbélaib Príaim. Roléci Príam erchor do gái fairseom co ndechaid sechai, fóbíth robo senóir díblide hé ann. Rolá Pirr erchor for Príaim co ndechaid inn 7 co rossreng archind isind imdai, 7 tall a cend de ic altóir Menerbe. 1890 IN-óen chonair immorro dochúaid Écyba 7 Poliuxina. Raráith íarum Áenaes arcend Polivxína. Dorat immorro Écvbv lándílsi na hinghine dó darcend a anaicthe. Rofolaigh íarsin Áenáes Poliuxinam fó chóim a athar Anáchis. Andromacho immórro, ben Hechtoir, 7 Casandra ingen Príaim dochótar co rolaigset for altóir Menerbe. Ní rabi cumsanadh ann, tra, co find na 1895 matne for indriud 7 orcain na cathrach. Roloisced an chathir coraibe tría chorthair tenedh 7 fo smúit dethcha. Robúrestar 7 robécestar [170b] Badb úasv. R[o]gáirset demna aéoir úasv chind, ar rop aitt léo martad mar sin do thabhairt for síl n-Ádhaim, fobíth rop fórmach muinntire dóib sin. Mór, trá, an 1900 t-anféth 7 in míchostadh robói 'sin Trói in n-aidchi sin. Robói crith ar détaib na lobar. Rotódáiled fuil nam-míled: roíachtset na senóre: roscretsat na nóidein: roéighset na hingena macdacht. Romiimrit, trá, sochaide do mnáibh sáerv sochenívl andsin ocus rothaithmigit trílse na fedb, 7 romarbait na slúaigh. 1905 Rohinred 7 rohaircedh 7 rodéláraighed an chathir.

[Dares c. 42.] O thánic iarum soillse lái arnabárach condrancatar ríg na inGréc i n-oenchomairle, 7 dorónsat altugud buide día ndéibh 7 día n-arrachtaib. Romol Agmemnon na slúaghy, 7 roheschongrad úad íarsin crod na cathrach uile do 1910 thabairt co hóenbaile, 7 rorand cert fodla dona sluagaib íarná céimennaib 7 íarna ngrádaib córaib. Robai comairle íarum icna rígaibh dus ced dogentáis fri lucht an braith, in tibertha sóire dóib fó na tibertha. Rodívcarsat na slóig ule, 7 ised roráidset: sóire 7 'córai do thabairt don lucht rothréicset a 1915 n-atharda 7 a cathraig1. Cech ní, thrá, rogab in slógh día ndóinib 7 innilib, dia sétaib 7 máinib, doratad dóib ule, 7 doratad anacul dóib cona cairdib 7 chocélib 7 chomaltaib 7 cósna huil[i]b rótechtsat. [171a] IS annsin, tra, roattaig Antenóir inní Agmemnon, co roleicthe dó bec mbriathar do rádh fris. Rochét- 1920 aig Agmemnon dósum. Rotheraind Antenoir for a glúinib 7 rofill fothrí íat i fiadnaisi Agmemnoin, 7 athert fris: "Helena 7 Casandra" ar sé, "atat i ngábud 7 i ngúasacht ar imeclai. Cid is coir libse do dénym friu? Ba coir chenai duibsi anacul doib ar in degimpidhe 7 ar in degfastine dogniid Casandra duib 7 1925 ar in n-aslach doróne Helena im thidnacvl chuirp Achíl día

¹ Ms. cathraid.

adhnacul isna scoraib dar sár Alaxandir." Dorat íarum Agmemnon sóire don díis sin .i. do Chasandra 7 do Helena. IS and sin, trá, rogaid Casandra itghe darcend a mathar .i. Écuba, 7 1930 darcenn mná Hectoir mac Priaim .i. Andromacho, 7 roinnis do Agmemnon amal rod-carsat in días sin commór, 7 doberdís degtheist fair 'na écmais. Rochomarlecestar Agmemnon anísin frisna rígaib. ISs ed deissidh léo a soire don díis sin. Ana fríth and íarvm do dóinibh cenmóthá sin 7 do indmassaib foro-1935 dáil Agmemnon don tslúag. Rugéne dano Agmemnon atlugud búdi dona déib. ISsin choicatmadh lau íarum rothinolsat in tslúaig uile i n-oendáil día chinniud ced lathe nógluaisfitís dochym a tíre 7 a feraind fadeisin.

1940 [Dares c. 43.] Túarcabset anbtine frív co nárbó inimrama dóib in muir. Roansat dino isin cathraigh tría illathibh. IS andsin rofrecáir Calchas nábtar buidig na déi díb. IS andsin [171b] dodechaid im-menmain Phirr chuinchid Poliuxina fo

1945 ía na fochonn romarbha ingnad leis íarum nach isin rigthaigh. Téit d chid co hAgmemnon. Tiagar for a iarair sethnoin nac

1950 O na fuair docuas uadh
Antinoir. O taínic side
al-laim Aigmemnoin, adrubair
co rocvinched dó Poliuxina
7 co tucad il-lamaib Pirr maic

1955 Dochuáid-side do acallaim Aen innisin dó. Agme[m]non i cúinchid P écin ois. dorat Áenáes inní Poliuxina. ar-ropo ecail l robái do thabairt fo r

1960 7 fó ghin chlaidhib. Ocus dos-r il-láim Agmemnon. Co tarat sid Phirr. Rogab-side farvm eb dí for ligy a athar Ba fercach iarvm Agmemnon fri h Poliucina. Ocus ised atrubairt fri 1965 bad tír na Troiandae 7 ara for longais. al-loss an gn dó. Dochuaidh íarsin for longais cosin lín rolae longaib a ndechaid Alaxa 1970 hinis Citherea. día tu Helind. ut ante dictum. Robói .uii. mbliadna for nyachommad fut mara Torrén. ut in O rochomlói, tra, Áenæ 1975 ais dochóidh Agmemnon di cathbyadach cathch mórslúagh 7 cona buidhnib [172] iar ndíghail a chneite ide for firv Assia íar 1980 7 íar milliudh 7 iar slaitt ilmna sétaib 7 imna máinib na Troianda féisin a forneurt aib cíana comaitche fo ib in betha. Mór mbróin 1985 bái for gnuis Helena do frisin Trói. Ba móo co dvba-sin oldáas an duba ro ri ic scaradh fri hinis Cith Helenus immorro 7 Casandra inghen 1990 Andromacha ben Hectoir 7 Ecubly ben Priaim. ised rogabsat do dá cét ar sé mílebh. al-lín Antenóir cona fairaind hi Troiandae cóic cét, ar dib mílibh 1995 é lín rolen Áenáes cethri óra mílib. IS hé lín dano do do Grécaib la Troiandu, amal

2000

2005

[Da]réit. sé míle ar ochtmogait ocht cétaib míle. IS hé

do]rochair o Throiandaib la Grécv ria mbr

ca]thrach .i. sé mile décc ar thrí cetaib míle. Cét ar secht is hé lín dorochair do Grécaib

Hechtoir a oenur. It iat

[toisigh 11 Diomenus

Carpedon Lepodvm

for meis 11
Amentivs 11
Cleofinor

righ Arcomenus

2010

[172b] Pullixinus, Minon, Antipus, Leontem, Polibétes, Clopenór.

Dá ardtóisech domarbh Áenæs .i. Anfimacrus, Neríus. 2015 IT hé tóisigh domarb Alaxander mac Priaim: Achíl, Palámid, Antilocus, Aíax Locrus, Aíax mac Telamoin, comthuitim do sede 7 do Alaxander.

Literal Translation.

The figures refer to the lines of the Irish text.

- 1. Jason did that by means of Medea's magic, to wit, bringing Vulcan's four oxen out of hell, and the other things, ut ante dictum.
- 3. Now after the completion of all that work, Aeetes said to Jason: "May it not be well (to her) that taught thee Medea, my own daughter! She it is that hath done all that", saith he.
- 6. After this the golden fleece was given to Jason and to the champions of Greece.
- 8. So then Jason with his hosts began to leave the city and to travel to their own heritage and territory. Medea began to sue on her true covenants, which he had entered into before the kings and heroes of Greece, and before the worthies of the isles of the Tyrrhene sea, to love her always as his one wife. Jason said to her that he would not bring her to his country if she brought her children with her. Thereafter Medea did a deed, sinful, fearful, brutal, to wit, killing her sons for the love and dearness of the beautiful youth and so that there might be no reason for leaving her and not bringing her with him to his country.
- 17. Thereafter the soldiers bid farewell to the king, and carried off the fleece, and went out of the city. Then they go on board their vessel and rowed along the same way, unto the estuary of the river Cius, past the districts of Troy, till they reached the harbour of Greece. After this they brought

¹ Lit. as he had bound. ² Lit. and to love her. ² lit. for.

their vessel on land and go to have speech of the king Peleas who had set them to the embassage, and they tell their tidings and their adventures from beginning to end; and the fleece was displayed unto him. Peleas gave thanks to Jason and to Hercules and to the crew besides. He bestowed treasures and riches on every one according to his rank, and so forth.

27. Mindful, now, was the hero and the war-soldier and the battle-breacher of a hundred, — the mightiest that hath come of Adam's seed, to wit, Hercules son of Amphitryon, — of the disgrace and of the shame that had been brought upon him by Laomedon, king of the Trojans, to wit, the not giving him the hospitality of a harbour when he was sent along with Jason to seek the golden fleece. Heavy was his heart after this not to avenge himself on the folk that abode in the neighbourhood of Greece, on the eastern border of Propontis, in the east of Asia Minor, (and) that had got a little strip of land in the western angle of Phrygia, overagainst the shore of the Tyrrhene sea. For of the world's warrior-hosts there was none that attained to equality with him. No warrior was there here, who would go further than he to avenge his wrong in far-off, neighbouring territories.

Now here are some of his valiant deeds.2

- 38. It is he, Hercules, that slew the mighty champion with the three heads, in the isle Erythria, in the estuary of the Tyrrhene sea, at the mere of Europe and Africa, right in the west of the world, Geryon, to wit, his name: he withered up the tribes and the races.
- 42. It is he, Hercules, moreover, that built the two pillars at the Gaditanian Strait, and each of them looking at the other, namely, the pillar of Europe looking at Africa and the pillar of Africa looking at Europe.
- 45. It is he, moreover, that set his hand to the rock, if perchance he might attain to slaying Cacus son of Vulcan, who

¹ Here a scribe's note: Mailechlann (has written) that little.
² This sentence is prefixed by L.

was biding in the middle of the rock, and he flung the rock into the river.

- 48. It is he that slew Busiris, who was playing the hero beside the river Nile. The latter used to offer up his guests to the river Nile.
- 50. It is he, moreover, that slew the cruel lion in the great glen in the south-west of the world.
- 52. It is he that slew the execrable, merciless snake with seven heads, that abode in the Lernean swamp, (and) that withered up and destroyed the north of the world as to human beings and herds and cattle.
- 55. It is, he, moreover, that laid low Antaeus son of Terra by force of valour.
- 56. It is he, moreover, that scattered the haughty womanfolk of the Burnt-paps (Amazons), who swayed the Great Asia, the third of the world, with rapine and ransacking, and incursion, so that they ruled the eastern half of the world for the space of thirty years, till Hercules carried off from them the Queen's armour, which he was sent to seek.
 - 61. It is he that did innumerable deeds besides.
- 62. It is he that brought the golden fleece out of the country of the Colchians.
- 63. A man, now, that did these deeds, could not bear to refrain from abating 3 Laomedon's pride. Wherefore he went thereafter, to seek multitudes and hosts, to the lights and to the warriors of Greece. He went to beseech the kings and the leaders and the champions of the country to come along with him, to avenge his sigh and his groan.
- 68. This is (the side on which) he gave his goal and the beginning of his muster, the kings of Lacedaemon, to wit,

¹ The mountain-valley of Nemea is referred to. For alt meaning 'glen' see O'Don. Supp. to O'R.

² For siniud, I read siriud, 'searching', 'ransacking': cf. rabai slat 7 siriud, LL. 224b.

^{*} Lit. 'did not endure to him without abating.'

Castor and Pollux, the two scious? were those and the two darlings of the north of the world. He told them, then, what he had come for, namely, to seek an army and a host, to avenge on Laomedon the dishocour and the disgrace that had been inflicted on himself and on Jason, son of Aeson, and on the sons of the kings and princes of the whole of Greece; and he said that the wrong to him, though on him it . . . (?), was not greater than to all the Greeks and to Castor and Pollux themselves. Castor and Pollux declared that even if they possessed the many races and many tribes of the whole of Greece, and even if they were masters, in the north from the end of the strand in the south, in the border of Greece and Italy, they would fare with him to form an assembly and a host and to avenge his wrong on every side throughout the confines of the world. Hercules gave thanks for that declaration.

- 81. Thereafter he fared from them into Salamis, to Telamon the king, and he said to him: "For this", saith he, "have I come to thee, to relate to thee the great shame and the great disgrace and the great insult that Laomedon hath put upon the crew of the ship Argo, and on Jason's host, and on me myself. Now," saith he, "unless that is, the Trojans will come on raids to plunder and make inroads on Greece. So I desire that thou, like every one, shouldst come with me on a hosting unto Troy." "Not I", saith Telamon, "shall be the first man who will refuse to fight and to contend for the benefit of the land of Greece. I will go with thee, (together with) those that I shall have of friends and of comrades. With us, moreover, shall go the inhabitants of Salamis, whose shall take spear in his hand and is fit to know how to wield weapons. We shall be ready, awaiting thy message."
- 92. After this he (Hercules) left a blessing with Telamon. 93. So then Telamon held a meeting with the men of Salamis after him (Hercules), and determined on peace and good will

¹ cuchraid, n. dual of eochair 'a young plant, a sprout' O'R, if this be a genuine word.

towards him. He proceeded to the prince and emperor of Moesia, to Pelias, head of the valour and pride and haughtiness and kingliness of the men of the north of the world. This he then said to him: "I have come to thee to seek a host to fare into the Trojans' country, for if thou goest on this hosting thou wilt arouse 1 Greeks from the east of the land of Arabia to the shore of the Aegean sea, from the north of Thrace to the confines of Italy in the south. All will arise at thy goingforth, for thou art the chief of splendour and conspicuousness and the sun of the whole of Greece. Arise, then, for the profit of the tribes 2 and races of Greece! For a profit to all the Greeks is this hosting, if one escapes from it triumphant, battlevictorious." "Even if", saith Pelias, "I possessed the men of the earth in the south, from the land of Ethiopia in the north unto India, and from the victory-stones of Hercules and from the rising of the sun, to the eastern point 3 of the south of Europe which strikes against the estuary of the Tyrrhene sea and unto the setting of the sun, I would send them all with thee to mar and to assail the Trojans, to destroy and to burn Laomedon's city. However, all the host that I have shall work with thee. So when thou hast ships and galleys ready send me a messenger, and my host shall be ready then for thee." Hercules then bade him farewell.

114. Then Hercules went into Pylos, to Nestor. He was king therein. He asked tidings of Hercules, for what cause he had come? Hercules replied: "To ask for an army," saith he, "that thou mayst come along with me, with all thy army, in this hosting wherein go the worthies of Greece, to wit, Castor and Pollux and Telamon and Peleus, to avenge the wrong that hath been done to me. If it were on you that shame and disgrace had been inflicted, the men of the world, from the

¹ I read dofhúsceba, 3rd Sg. b-fut. act. of diuscim. In the Ms. the mark of length is over the c.

^{*} tuatha should be the gen. pl. tuath.

^{*} I pass over the meaningless 7 (ocus) of the Ms.: the whole passage is confused and corrupt.

rising of the sun to its setting, would know my power in repelling it from you.¹ And even if ye had dealings and enmities in India or Scythia or Persia, or in Arabia or in Egypt or in Ethiopia or in Spain or in the Gauls or in Germany or in Alania, I should not be slack to take vengeance for them throughout those outer territories, besides the countries that are nearest to us. Then Nestor answered: "A blessing on every one who strengthens the nobleness and the army of Greece to contend! As to me, however, I will go along with thee when every thing is prepared." So Hercules was thankful unto him.

129. Now, when Hercules knew the will and wish of the champions and the heroes, he chose right valiant soldiers of his own country. By him, then, were collected all the ships and vessels and barks that were lying in the country of Greece, from the estuary of the Pontic sea in the north as far as the Arabian sea in the south. He arranged his fleet on (the) sea, and the soldiers and right valiant champions of the whole of Greece he chose unto him, from every point, by means of letters and envoys; and the kings who had promised came unto him with thousands and hosts and armies. Now after the armies and the hosts had come so that they were biding in one stead, the kings took counsel as to whether they should go at night or by day to the port of the Trojans. They settled on this: they went at night into the port of Sigeum.

141. Now when they had entered that port, Hercules and Telamon and Peleus, with a great battalion around them, marched to destroy Troy. Castor and Pollux and Nestor remained with the ships. Thereafter Laomedon was told that a great host of Greeks had seized the port of Sigeum. He arose wrathfully and fearfully, mightily and manfully, with the proud, indignant heroes of Troy around him, and proceeded towards the sea. When they were near to the ships they raised banners (?) of battle over their heads in opposition to the savage, terrible wild beast, around whom had gathered the savage soldiery of

¹ Lit. them.

the north of the world. The Trojans began to fight for their country and their fatherland and their city. So when matters stood thus, Hercules marched to the city. Now they passed by each other, to wit, the road which the Trojans took to the ships was not the same as that which Hercules with his host took to Troy. As to Hercules, he reached Troy and found Troy open, without any one protecting or keeping it. So he set it under a mist and a fringe of fire, and slew all that was fit for slaughter therein, and he gathered the gold and silver, jewels and treasures and goods of the city. No one escaped out of the city but he who fled from point of spear and from mouth of sword.

160. So when they told Laomedon of the onfall on the city, he turned back to the city, and met Hercules, front to front, in the middle of the way. Then indeed did Hercules cast off weariness from his mind, and fulfilled his desire to pour forth the Trojans' blood, and he broke a battle-breach through might of men, on the choice of the worthies of the Trojans around their king: in such wise that Laomedon the king of the Trojans was slain there with his three sons and with his kings and soldiers. Thereafter Hercules went, with great victory, to his ships, unto Castor and Pollux and Nestor. Now after the hosts came together they divided the booty among them. Unto Telamon came Hesione, Laomedon's daughter because of the champions of valour of Greece he was the first hero who entered the city. So when all that came to a end each leader of them went to his land with victory and triumph.

173. Gloomy, uneasy, troubled was Priam son of Laomedon, crownprince of the Trojans and of Little Asia, at the great agony that had befallen him, namely, the burning of Troy and its ruin, its jewels and treasures and goods and booty carried away by Greeks, his own sister borne into bondage and given to Telamon in guerdon of his valour. Sorer than every grief he deemed his father's fall and the slaughter of the Trojans made in the battle and in the city. Disgrace and great shame he deemed the triumphing of the Greeks over the Trojans and

